



AN tAONTAS EORPACH

PARLAIMINT NA hEORPA

AN CHOMHAIRLE

An Bhruiséil, 27 Bealtaine 2026
(OR. en)

2024/0017(COD)

PE-CONS 10/26

POLCOM 51
COMER 23
FDI 4
RELEX 198
DUAL USE 10
RECH 59
ENER 65
ENV 119
CODEC 219

GNÍOMHARTHA REACTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le scagadh a dhéanamh ar infheistíochtaí coigríche isteach san Aontas agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2019/452

RIALACHÁN (AE) 2026/...
Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an ...

**maidir le scagadh a dhéanamh ar infheistíochtaí coigríche isteach san Aontas
agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2019/452**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 agus Airteagal 207(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún²,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach³,

¹ IO C, C/2024/6027, 23.10.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/C/2024/6027/oj>.

² IO C, C/2025/290, 24.1.2025, ELI: <http://data.europa.eu/eli/C/2025/290/oj>.

³ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Bealtaine 2026 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is díol sásaimh don Aontas iad infheistíochtaí coigríche toisc go gcuireann siad le fás trí fheabhas a chur ar a iomaíochas, trí phoist agus barainneachtaí scála a chruthú, agus trí chaipiteal, teicneolaíochtaí, nuálaíocht agus saineolas a thabhairt isteach leo.
- (2) Le hAirteagal 3(5) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), sonraítear go bhfuil an tAontas, ina chaidreamh leis an domhan mór, lena chuid luachanna agus leasanna a chumhdach agus a chur chun cinn agus go bhfuil sé le rannchuidiú le cosaint a shaoránach.
- (3) Tá timpeallacht oscailte don infheistíocht i réim san Aontas agus sna Ballstáit, rud a chumhdaítear sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus atá leabaithe i ngealltanais idirnáisiúnta an Aontais agus a Bhallstát. Mar sin féin, luaitear in Airteagal 21(2) CAE go bhfuil sé d'aidhm ag beartais agus gníomhaíochtaí an Aontais a luachanna, a bhunleasanna, a shlándáil, a neamhspleáchas agus a iomláine a choimirciú. Tá na prionsabail agus na cuspóirí sin mar bhonn agus mar thaca ag combheartas tráchtála an Aontais, mar a leagtar amach in Airteagal 207 CFAE, lena n-áirítear i ndáil le hinfeistíocht choigríche. Sa chomhthéacs sin, faoi ghealltanais idirnáisiúnta a rinneadh san Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT), san Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) agus sna comhaontuithe trádála agus infheistíochta a tugadh i gcrích le tríú tíortha, is féidir leis an Aontas nó leis na Ballstáit srian a chur ar infheistíochtaí díreacha coigríche ar fhorais na slándála nó an oird phoiblí, faoi réir ceanglais áirithe.

- (4) De bhun Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴, cuireadh creat ar bun faoina ndéanann na Ballstáit scagadh ar infheistíochtaí díreacha coigríche isteach san Aontas. Go sonrath, leagadh amach sásra comhair leis an Rialachán sin lena cuireadh ar chumas na mBallstát agus an Choimisiúin faisnéis a mhalartú faoi infheistíochtaí díreacha coigríche agus ábhair inní a chur in iúl faoi rioscaí don tslándáil nó don ord poiblí. Leis an sásra comhair sin, cuireadh de cheangal ar an mBallstát ina bhfuil an infheistíocht dhíreacha coigríche á déanamh aird chuí a thabhairt ar na barúlacha arna soláthar ag na Ballstáit eile agus ar an tuairim arna heisiúint ag an gCoimisiún ina chinneadh maidir le scagadh.
- (5) An creat a cuireadh ar bun de bhun Rialachán (AE) 2019/452, chomhlíon sé a chuspóir chun sásra foirmiúil a chur ar fáil do na Ballstáit agus don Choimisiún chun faisnéis a mhalartú faoi infheistíochtaí díreacha coigríche agus chun feasacht a mhúscailt faoi rioscaí trasteorann don tslándáil nó don ord poiblí a eascraíonn as infheistíochtaí díreacha coigríche áirithe.

⁴ Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena gcuirtear ar bun creat maidir le hinfeistíochtaí díreacha coigríche isteach san Aontas a scagadh (IO L 79 I, 21.3.2019, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2019/452/oj>).

- (6) Mar sin féin, tá gá le hionstraim reachtach nua chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht an scagtha ar infheistíochtaí díreacha coigríche a láidriú agus chun méid comhchuibhithe níos airde ar fud an Aontais a áirithiú. Tá gá leis na feabhsuithe sin mar gheall ar chineál athraitheach na sreafaí infheistíochta. Mar thoradh ar chomhtháthú na ngeilleagar domhanda, mar aon le cogadh agus teannas geopholaitiúil, tá rioscaí nua tagtha chun cinn nach mór don Aontas agus do na Ballstáit aghaidh a thabhairt orthu. An 20 Meitheamh 2023, ghlac an Coimisiún agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála teachtaireacht chomhpháirteach dar teideal ‘Straitéis Eorpach um an tSlándáil Eacnamaíoch’, agus, an 3 Nollaig 2025, ghlac siad teachtaireacht chomhpháirteach dar teideal ‘Slándáil eacnamaíoch an Aontais a neartú’. Sainithnítear sna teachtaireachtaí sin scagadh ar Infheistíocht Dhíreach Choigríche (IDC) mar uirlis chun an tAontas a chosaint ar rioscaí slándála eacnamaíche. Leagtar béim sna teachtaireachtaí ar an ngá atá le haghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le hathléimneacht slabhraí soláthair, le rochtain ar bhonneagar criticiúil, le sceitheadh teicneolaíochta, agus le spleáchais eacnamaíocha nó comhéigean eacnamaíoch a úsáid mar uirlis troda.

- (7) D'fhéadfaí rioscaí a chruthú don tslándáil nó don ord poiblí le hinfheistíochtaí coigríche áirithe nach gcumhdaítear le Rialachán (AE) 2019/452. Baineann na rioscaí sin, go sonrach, le hinfheistíochtaí coigríche áirithe a dhéantar i mBallstáit nach bhfuil sásra um scagadh i bhfeidhm acu go fóill, le hinfheistíochtaí coigríche a dhéantar i mBallstáit a bhfuil sásra um scagadh i bhfeidhm acu ach nach n-áirítear infheistíochtaí coigríche íogaire áirithe lena raon feidhme, agus le hinfheistíochtaí coigríche a dhéanann infheisteoirí coigríche trí fhochuideachta atá bunaithe san Aontas ('infheistíochtaí laistigh den Aontas') agus a bhféadfadh na rioscaí céanna don tslándáil nó don ord poiblí a bheith ag baint leo agus a bhaineann le hinfheistíochtaí coigríche a dhéantar go díreach ó thríú tíortha.

- (8) Nuair a bhí ionstraim reachtach i bhfeidhm i dtromlach mór de na Ballstáit, ach ní iontu uile, lena ndearnadh foráil maidir le sásra chun scagadh a dhéanamh ar infheistíochtaí díreacha coigríche, in éagmais sásra um scagadh i mBallstáit áirithe, bhí infheisteoirí coigríche achrannacha ar mhian leo infheistíocht a dhéanamh i sócmhainní íogaire in ann infheistíocht a dhéanamh sna Ballstáit sin mar thairseach isteach sa mhargadh inmheánach. Thairis sin, i roinnt mhaith Ballstát, le dlíthe náisiúnta, leathnaítear scagadh chuig infheistíochtaí laistigh den Aontas freisin. I measc na mBallstát tá difríochtaí móra maidir leis an raon feidhme, na tairseacha agus na critéir a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar cé acu is dócha nó nach dócha go ndéanfaidh infheistíocht choigríche difear diúltach don tslándáil nó don ord poiblí. Tá difríochtaí i nósanna imeachta scagtha freisin. Tá sé mar aidhm leis an Rialachán seo laghdú a dhéanamh ar éagsúlachtaí a bhaineann le príomheilimintí na sásraí um scagadh a chuirtear chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta. I mBallstáit áirithe, is féidir an infheistíocht choigríche a chur chun feidhme sula mbeidh imréiteach faighte i leith na héifeachta ar an tslándáil nó ar an ord poiblí. Mar sin féin, cuireann Ballstáit eile de cheangal ar eintitis gan an infheistíocht choigríche a thabhairt chun críche ach amháin tar éis a húdaraithe faoin sásra um scagadh. Le héagsúlachtaí den sórt sin, cruthaítear fadhb d'fheidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh. Mar shampla, cruthaítear leo easpa cothroime iomaíochta agus méadaítear costais chomhlíontachta d'infheisteoirí a fhéachann le fógra a thabhairt faoi idirbhearta i mbreis agus Ballstát amháin. Tá sé ríthábhachtach éagsúlacht a laghdú chun intuathacht a áirithiú d'infheisteoirí i ndáil leis na córais náisiúnta is infheidhme agus a saintréithe, lena laghdaítear costais chomhlíontachta ghaolmhara. Is amhlaidh is ábhartha an méid sin i bhfianaise leibhéal comhtháthaithe an mhargaidh inmheánaigh, a d'fhéadfadh a fhágáil go ndéanfaidh idirbheart aonair difear do Bhallstáit éagsúla ar fud an Aontais. Is féidir, mar shampla, i gcás idirbheart arb é is aidhm leis gnóthas a fháil atá bunaithe faoi dhlíthe Ballstáit amháin, go ndéanann an t-idirbheart sin difear do shlándáil nó ord poiblí Ballstáit eile, i ngeall ar struchtúr an tslabhra soláthair nó eilimintí eacnamaíochta eile lena nasctar an sprioc-chuideachta de chuid an Aontais le cuideachtaí eile atá bunaithe i mBallstáit eile. Chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna den sórt sin a bhaineann le comhtháthú an mhargaidh inmheánaigh agus chun comhsheasmhacht agus intuathacht níos mó a áirithiú, is iomchuí freisin na critéir agus na heilimintí atá le húsáid chun measúnú a dhéanamh ar infheistíochtaí coigríche a bhunú trí ghníomhaíocht an Aontais. Dá bhrí sin, is é is aidhm leis an Rialachán seo cóineasú na rialacha náisiúnta is infheidhme maidir le scagadh infheistíochtaí coigríche a mhéadú, lena n-áirítear infheistíochtaí laistigh den Aontas, agus ar an gcaoi sin cothroime iomaíochta a chruthú, deimhneacht a mhéadú d'infheisteoirí coigríche, agus cosc a chur ar theacht chun cinn bacainní breise ar an margadh inmheánach.

- (9) Chun cur chuige comhsheasmhach ar fud an Aontais a áirithiú i leith scagadh infheistíochtaí coigríche, ba cheart é a chur de cheangal ar na Ballstáit uile scagadh a dhéanamh ar infheistíochtaí coigríche ar fhorais na slándála nó an oird phoiblí. Thairis sin, ba cheart croí-eilimintí na sásraí náisiúnta um scagadh a chomhchuibhiú. Leis an gcomhchuibhiú íosta sin, ba cheart oibleagáid ar na Ballstáit a áireamh chun a áirithiú go ndéanfar scagadh ar infheistíochtaí coigríche a dhíríonn ar eintitis a oibríonn i sraith shonrach de limistéir íogaire. Ba cheart a áirithiú leis an oibleagáid sin go ndéanfar scagadh ar infheistíochtaí coigríche íogaire áirithe i ngach Ballstát. Thairis sin, leis an Rialachán seo, ba cheart na nósanna imeachta faoin sásra comhair agus an idirghníomhaíocht idir na sásraí um scagadh agus an sásra comhair a chomhchuibhiú agus a shoiléiriú tuilleadh. Go háirithe, is iomchuí a áirithiú go n-áireofar sna sásraí uile um scagadh athbhreithniú tosaigh nár cheart a bheith níos faide ná 45 lá féilire ón dáta a mheasann an t-údarás scagtha an comhdú a bheith iomlán. Dá bhrí sin, chun críocha an Rialacháin seo, ba cheart sainmhíniú ar ‘comhdú’ a thabhairt isteach lena léirítear tíolacadh tosaigh na doiciméadachta is gá chomh maith leis an measúnú i dtaobh an meastar iarraidh a bheith iomlán. I gcás inar gá, ba cheart grinn-imscrúdú a dhéanamh. Ina theannta sin, ba cheart na hamlínte maidir le fógra a thabhairt tríd an sásra comhair a chomhchuibhiú, agus ba cheart na céimeanna don nós imeachta faoin sásra comhair, go háirithe maidir le soláthar barúlacha ó na Ballstáit agus eisiúint tuairimí ón gCoimisiún, a ailíniú ar bhealach níos fearr. Le comhchuibhiú agus ailíniú den sórt sin, d’fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar chásanna nach bhfuil amlínte na nósanna imeachta náisiúnta ailínithe, agus a d’fhéadfadh, dá bhrí sin, moill a chur ar idirbheart. Ba cheart leibhéal áirithe comhchuibhithe a bheith ann maidir leis na critéir ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh acu i dtaobh an dócha go ndéanfaidh infheistíocht choigríche difear diúltach don tslándáil nó don ord poiblí. Ba cheart a áireamh sa tacar coiteann critéar sin slándáil, sláine, athléimneacht agus feidhmiú eintiteas criticiúil, infhaighteacht teicneolaíochtaí criticiúla nó leanúnachas soláthair ionchur criticiúil. Leis an tacar coiteann critéar, d’áiritheofaí measúnú níos aonfhoirmí ar an éifeacht dhiúltach is dócha a bheadh ag infheistíochtaí coigríche ar an tslándáil nó ar an ord poiblí agus, an tráth céanna, chaomhnófaí an fhéidearthacht do na Ballstáit critéir bhreise a d’fhéadfadh a bheith éagsúil ó Bhallstát go Ballstát a chur san áireamh.

- (10) Ba cheart an scagadh ar infheistíochtaí coigríche a dhéanamh i gcomhréir leis an Rialachán seo. Ba cheart an fhaisnéis uile dá bhfuil ar fáil a chur san áireamh sa scagadh sin agus ba cheart cloí le prionsabal na comhréireachta leis. Ba cheart urraim a thabhairt leis don chuspóir maidir le timpeallacht infheistíochta oscailte agus an margadh inmheánach a chaomhnú. Thairis sin, ba cheart an scagadh ar infheistíochtaí coigríche a bheith i gcomhréir le dlí an Aontais, agus go háirithe le hAirteagail 49 agus 63 CFAE. Aon srianta ar an tsaoirse bunaíochta nó ar an tsaorghluaiseacht chaipitil a d'fhéadfadh eascairt as sásraí um scagadh nó as cinntí maidir le scagadh, amhail bearta maolaitheacha a fhorchur nó infheistíocht choigríche a thoirmeasc nó a leachtú, ba cheart údar a bheith leo ar chúiseanna beartais phoiblí nó slándála poiblí, lena n-áirítear fíorbhagairtí sách tromchúiseach ar leas bunúsach de chuid na sochaí. Áirítear ar chúiseanna beartais phoiblí nó slándála poiblí den sórt sin rioscaí d'fheidhmiú na n-institiúidí agus na seirbhísí poiblí fíor-riachtanacha, do sholáthar táirgí nó seirbhísí fíor-riachtanacha nó do mharthanas an phobail, rioscaí go mbeadh suaitheadh tromchúiseach ar an gcaidreamh eachtrach nó ar chómhaireachtaíil shíochánta náisiún, nó rioscaí do leasanna míleata.
- (11) Chun é a chur ar a chumas don sásra comhair a bhunaítear leis an Rialachán seo feidhmiú go héifeachtúil agus go héifeachtach, is gá raon feidhme íosta coiteann a shainiú le haghaidh infheistíochtaí coigríche ar cheart do na Ballstáit uile scagadh a dhéanamh orthu.

- (12) Is gá an Ballstát ina bhfuil sé beartaithe infheistíocht choigríche a thabhairt i gcrích nó ina ndéantar infheistíocht choigríche a thabhairt i gcrích ('Ballstát óstach') a dhéanamh níos cuntasáí don Choimisiún agus do na Ballstáit sin a chuireann ábhair inmí in iúl a bhfuil údar cuí leo maidir leis an tslándáil nó leis an ord poiblí.
- (13) Ba cheart nár dhochar an creat coiteann a leagtar amach sa Rialachán seo do fhreagracht aonair gach Ballstáit as a shlándáil náisiúnta a choimirciú, mar a fhoráiltear in Airteagal 4(2) CAE. Ba cheart nár dhochar an creat coiteann sin do chosaint leasanna slándála bunriachtanacha na mBallstát i gcomhréir le hAirteagal 346 CFAE ach an oiread.
- (14) Leis an Rialachán seo, ba cheart infheistíochtaí coigríche a chumhdach lena gcruthaítear nó lena gcoinnítear ar bun naisc fhadtéarmacha dhíreacha idir infheisteoirí coigríche, lena n-áirítear comhlachtaí Stáit, agus sprioc-chuideachtaí de chuid an Aontais a mbíonn gníomhaíocht eacnamaíoch ar siúl acu i mBallstát. Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo i gcás ina ndéanann infheisteoir coigríche infheistíochtaí coigríche go díreach nó inar infheistíochtaí laistigh den Aontas iad. Mar sin féin, níor cheart a chumhdach leis fáil urrús cuideachta atá beartaithe le haghaidh infheistíocht airgeadais agus lena aghaidh sin amháin, agus gan aon rún ann tionchar a imirt ar bhainistiú nó rialú na cuideachta (infheistíochtaí punainne).

- (15) Cruthaítear naisc fhadtéarmacha dhíreacha idir an t-infheisteoir coigríche agus sprioc-chuideachta de chuid an Aontais i gcás ina bhfaigheann an t-infheisteoir coigríche rannpháirtíocht éifeachtach i mbainistiú nó rialú na sprioc-chuideachta de chuid an Aontais. Is cinnte gurb amhlaidh atá i gcás ina bhfaigheann an t-infheisteoir coigríche tionchar cinntitheach ar an sprioc-chuideachta de chuid an Aontais, is é sin le rá an cumas beartas tráchtála na sprioc-chuideachta de chuid an Aontais a chinneadh go haonarach nó go comhpháirteach, bíodh sin *de facto* nó *de jure*. Mar sin féin, d'fhéadfadh rannpháirtíocht éifeachtach i mbainistiú nó rialú na sprioc-chuideachta de chuid an Aontais a bheith ann freisin i gcás inar féidir leis an infheisteoir coigríche, gan tionchar cinntitheach a bheith aige ar an sprioc-chuideachta de chuid an Aontais, tionchar ábhartha a imirt ar a beartas, iompraíocht nó cinní tráchtála mar sin féin, mar shampla trí scairsheilbh, cearta vótála, conarthaí, lena n-áirítear gearáil a eascraíonn as caidrimh le soláthróirí, agus ionadaíocht shuntasach ar an mbord.
- (16) Ba cheart éadálacha trí uirlisí réitigh faoi na creataí réitigh lena mbaineann (i gcás banc, contrapháirtithe lárnacha nó gnóthais árachais nó atharachais) a eisiáimh ó raon feidhme an Rialacháin seo. In imthosca den sórt sin, ní tráth moille é agus is minic a dhéantar cinní i gcaitheamh na hoíche. D'fhéadfadh na nósanna imeachta um scagadh dá bhforáiltear sa Rialachán seo bac a chur ar an gcumas freagairt thráthúil a thabhairt. Chun rioscaí cobhsaíochta airgeadais a sheachaint, ba cheart, dá bhrí sin, idirbhearta réitigh a eisiáimh. Ba cheart do na húdaráis réitigh cuspóir an Rialachán seo a chur san áireamh, a mhéid is féidir, agus gníomhaíochtaí réitigh á ndéanamh acu le rannpháirtíocht infheisteora coigríche, go háirithe agus sócmhainní straitéiseacha i gceist.

- (17) Ba cheart oibríochtaí athstruchtúraithe laistigh de ghrúpa corparáideach a bheith lasmuigh de raon feidhme chur i bhfeidhm an Rialacháin seo i gcás ina ndéantar na hoibríochtaí sin chun atheagrú inmheánach a dhéanamh, mar shampla trí chumasc nó trí dheighilt, ar sprioc-chuideachta de chuid an Aontais nó ar an ngrúpa corparáideach lena mbaineann an sprioc-chuideachta de chuid an Aontais, agus chuige sin amháin, gan aon athrú ar úinéireacht thairbhiúil na sprioc-chuideachta sin de chuid an Aontais a bheith mar thoradh orthu. Go háirithe, ba cheart athstruchtúru inmheánach a eisiáimh ón raon feidhme sna cásanna seo a leanas: ní fhágann sé go bhfaigheann infheisteoir coigríche nua úinéireacht nó rialú ar an sprioc-chuideachta de chuid an Aontais ná ar chuideachta a bhfuil an sprioc-chuideachta sin de chuid an Aontais faoina húinéireacht nó faoina rialú, go díreach nó go hindíreach; níl méadú ar na scaireanna atá i seilbh infheisteoirí coigríche mar thoradh air; agus ní thugann sé cearta breise d'infheisteoirí coigríche a d'fhéadfadh athrú a dhéanamh ar rannpháirtíocht éifeachtach infheisteora coigríche amháin nó níos mó maidir le bainistiú nó rialú na sprioc-chuideachta de chuid an Aontais. Mar sin féin, d'fhéadfadh rioscaí slándála a bheith i gceist le hathstruchtúru inmheánach lena dtugtar isteach eintiteas dlíthiúil nua, atá bunaithe i dtríú tír nach bhfuil i slabhra úinéireachta réamhtheachtach na sprioc-chuideachta de chuid an Aontais cheana féin agus ba cheart, dá bhrí sin, iad a áireamh faoi raon feidhme an Rialacháin seo. Mar shampla, d'fhéadfadh eintiteas den sórt sin a bheith faoi réir dlí tríú tír lena bhforchuirtear oibleagáidí ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha faisnéis a chomhroinnt chun críoch faisnéise gan próis chuí ná sásraí formhaoirseachta.

- (18) Ní chumhdaítear le Rialachán (AE) 2019/452 ach infheistíochtaí díreacha coigríche arna ndéanamh go díreach ag infheisteoirí coigríche san Aontas. Mar sin féin, is gá raon feidhme chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a leathnú chuig infheistíochtaí coigríche a dhéantar idir na Ballstáit agus a dhéantar trí ghnóthas atá bunaithe i mBallstát agus atá á rialú, go díreach nó go hindíreach, ag infheisteoir coigríche ('fochuideachta infheisteora coigríche san Aontas'). Baineann na rioscaí sonracha céanna don tslándáil nó don ord poiblí leis na hinfeistíochtaí coigríche sin agus a bhaineann le hinfeistíochtaí díreacha coigríche a dhéantar trí eintiteas dlítheanach nach bhfuil bunaithe san Aontas, toisc go bhfuil cumhacht agus tionchar ag an infheisteoir coigríche rialaithe ar an sprioc-chuideachta de chuid an Aontais fiú má fheidhmítear iad trí fhochuideachta an infheisteora coigríche san Aontas. D'fhéadfadh an dlínse a bhfuil an t-infheisteoir coigríche faoina réir nó tionchar gníomhaithe rialtais nó neamhstáit tríú tír a bheith ina gcúis leis na rioscaí sonracha sin. Ní infheistíochtaí coigríche arna ndéanamh ag infheisteoirí nach bhfuil á rialú, go díreach nó go hindíreach, ag duine nó eintiteas tríú tír is cúis leis na rioscaí sin. Is iomchuí, dá bhrí sin, infheistíochtaí coigríche arna ndéanamh trí fhochuideachta infheisteora coigríche san Aontas a áireamh i raon feidhme chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, ach ní infheistíochtaí arna ndéanamh ag infheisteoirí eile de chuid an Aontais, go háirithe chun a áirithiú go gcumhdófar go comhsheasmhach infheistíochtaí coigríche lena gcruthaítear nasc fadtéarmach idir an t-infheisteoir coigríche agus an sprioc-chuideachta de chuid an Aontais, cibé acu a dhéanann infheisteoir coigríche go díreach iad nó a dhéantar trí eintiteas atá bunaithe san Aontas agus atá á rialú ag infheisteoir coigríche iad. Leis sin, mhéadófaí comhsheasmhacht agus intuarthacht na rialacha maidir le scagadh ar fud na mBallstát, rud lena laghdófaí costais chomhlíontachta d'infheisteoirí coigríche agus lena gcuirfí deireadh leis an dreasacht infheistíocht a dhéanamh i mBallstáit nach ndéantar scagadh ar na hidirbhearta sin iontu.

- (19) Chun measúnú cuí a áirithiú i dtaobh an dócha go ndéanfaidh infheistíocht choigríche difear diúltach don tslándáil nó don ord poiblí, tá sé tábhachtach go gcuimseodh an téarma ‘úinéir tairbhiúil’ na fíorshealbhóirí tionchair, cibé acu go díreach nó go hindíreach, ar infheisteoir coigríche nó ar sprioc-chuideachta de chuid an Aontais. I gcás iontaobhas, is ag an iontaobhas ann féin atá an úinéireacht dhlíthiúil, ach is don duine nádúrtha nó do na daoine nádúrtha a n-oibríonn an t-iontaobhas thar a cheann, thar a ceann nó thar a gceann atá an tairbhe eacnamaíoch. Ar an gcúis sin, ba cheart iad siúd a bhaineann tairbhe ar deireadh as an infheistíocht choigríche, go háirithe tairbhithe iontaobhais, a chuimsiú sa sainmhíniú ar ‘úinéir tairbhiúil’. Mar sin féin, is gá a chur san áireamh gur féidir le hinfeisteoirí coigríche a bheith ina gcur i gcéill uaireanta don duine atá taobh thiar den infheistíocht choigríche i ndáiríre. Ar an gcaoi chéanna, uaireanta is féidir le gníomhaithe eile iallach a chur ar infheisteoirí coigríche atá in ann tionchar a imirt ar an infheistíocht choigríche ar deireadh. Dá bhrí sin, ba cheart a áireamh sa sainmhíniú ar ‘úinéir tairbhiúil’ freisin daoine nádúrtha a ndéantar an infheistíocht choigríche thar a gceann nó a bhfeidhmítear an rialú ar an infheistíocht choigríche sin thar a gceann. Go ginearálta, is duine nádúrtha aonair a bhíonn ina úinéir tairbhiúil nó ina húnéir tairbhiúil ar infheisteoir coigríche. Mar sin féin, ní féidir a chur as an áireamh go bhféadfadh níos mó ná duine amháin a bheith ann, amhail i gcás céilí nó baill teaghlaigh eile. Ar an gcaoi chéanna, is gá cásanna nach féidir an duine nádúrtha a shainaithint a chur san áireamh, lena n-áirítear i gcás cuideachtaí a thrádáiltear go poiblí. Sna cásanna sin, ba cheart a mheas gurb é an duine dlítheanach, an t-eintiteas nó an t-iontaobhas ar an leibhéal inaitheanta is airde i slabhra úinéireachta réamhtheachtach nó i slabhra rialaithe réamhtheachtach an infheisteora coigríche nó na sprioc-chuideachta de chuid an Aontais an t-úinéir tairbhiúil.

- (20) Ní dhéantar foráil sa Rialachán seo ach maidir le croí-eilimintí na sásraí um scagadh. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann forálacha náisiúnta a ghlacadh atá comhlántach le forálacha an Rialacháin seo nó atá níos sonraí ná iad. Mar shampla, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann tairseacha a shonrú maidir le cearta vótála arna bhfáil ag infheisteoirí a spreagann scagadh infheistíochtaí coigríche. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann raon feidhme a sásra náisiúnta um scagadh a leathnú chun infheistíochtaí coigríche in earnálacha nach gcumhdaítear leis an raon feidhme íosta coiteann a áireamh. I gcás ina roghnaíonn Ballstát raon feidhme a shásra um scagadh a leathnú thar an raon feidhme íosta coiteann, ba cheart don scagadh an Rialachán seo a chomhlíonadh, ar choinníoll go dtagann sé faoi raon feidhme an Rialacháin seo.
- (21) Chun nósanna imeachta scagtha comhsheasmhacha agus intuartha a áirithiú, is iomchuí tréithe bunriachtanacha na sásraí um scagadh atá le cur chun feidhme ag na Ballstáit a leagan síos. Ba cheart a áireamh ar na gnéithe sin ar a laghad raon feidhme íosta na n-idirbheart atá le bheith faoi réir ceanglas réamhúdaraithe, an nós imeachta um scagadh a roinnt ina athbhreithniú tosaigh agus ina ghrinn-imscrúdú, sprioc-amanna don scagadh, tuarascáil bhliantúil phoiblí, an deis a bheith ag páirtithe atá faoi réir an chinnidh maidir le scagadh leigheas breithiúnach a lorg in aghaidh na gcinntí sin, agus cumas na n-údarás scagtha aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar chásanna de neamhchomhlíonadh nó de theacht timpeall. Ba cheart rialacha agus nósanna imeachta a bhaineann le sásraí um scagadh a bheith trédhearcach agus níor cheart aon idirdhealú a dhéanamh idir tríú tíortha leo.

- (22) Chun trédhearcacht agus intuarthacht i nósanna imeachta um scagadh a fheabhsú, ba cheart do na húdaráis scagtha, i gcás inarb infheidhme agus gan moill mhíchuí, an duine a rinne an comhdú a chur ar an eolas faoi iomláine an chomhdaithe sin. Le soláthar na faisnéise sin, níor cheart cosc a chur ar an údarás scagtha tuilleadh faisnéise a iarraidh nó ceisteanna breise a chur tar éis iomláine an chomhdaithe a dheimhniú agus ba cheart nár dhochar é don fhéidearthacht atá ag na húdaráis scagtha an duine a rinne an comhdú a chur ar an eolas faoi gharspriocanna nós imeachta tábhachtacha eile.
- (23) Ba cheart don údarás scagtha agus don Choimisiún a bheith in ann faisnéis ábhartha a fhaightear ó gheallsealbhóirí, lena n-áirítear oibreoirí eacnamaíocha, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus comhpháirtithe sóisialta, amhail ceardchumann, maidir le hinfheistíocht choigríche a chur san áireamh. D'fhéadfadh an Ballstát óstach nós imeachta um scagadh a thionscnamh mar thoradh ar an bhfaisnéis sin. Chun na críche sin, ba cheart don údarás scagtha agus don Choimisiún na sonraí teagmhála trínar féidir le geallsealbhóirí faisnéis maidir le hinfheistíochtaí coigríche a chur isteach ar bhealach rúnda a chur ar fáil go poiblí.

- (24) Chun leibhéal comhsheasmhach éifeachtach cosanta a áirithiú don tslándáil agus don ord poiblí ar fud an Aontais, is gá foráil a dhéanamh maidir le comhchuibhiú íosta ar raon feidhme sásraí um scagadh. Ba cheart a cheangal ar na Ballstáit scagadh a dhéanamh ar infheistíochtaí coigríche i gcás ina bhfuil an sprioc-chuideachta de chuid an Aontais gníomhach in earnálacha nó i ngníomhaíochtaí a bhfuil ábharthacht ar leith ag baint leo maidir le slándáil, cosaint, sláine próiseas daonlathach, athléimneacht seirbhísí bunriachtanacha nó cosaint feidhmeanna sochaíocha ríthábhachtacha. Is gá raon feidhme íosta coiteann den sórt sin maidir le sásraí um scagadh a bhunú chun a áirithiú go ndéanfar infheistíochtaí coigríche ar dócha go ndéanfaidh siad difear diúltach don tslándáil nó don ord poiblí a shainaithint gan beann ar na Ballstáit ina bhfuil na sprioc-chuideachtaí de chuid an Aontais lonnaithe, agus ar an gcaoi sin éifeachtacht an tsásra comhair a neartú agus freagracht aonair na mBallstát as an tslándáil náisiúnta á caomhnú ag an am céanna.

(25) Ba cheart a áireamh sa raon feidhme íosta coiteann infheistíochtaí coigríche i sprioc-chuideachtaí de chuid an Aontais a dhéanann ítimí dé-úsáide a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵ nó earraí agus teicneolaíochtaí míleata a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶ a fhorbairt, a tháirgeadh nó a thráchtáil, i bhfianaise na rioscaí bunúsacha a bhaineann le rialú ar chumais, teicneolaíochtaí agus fios gnó a bhaineann le cosaint a aistriú, arb infheistíochtaí iad atá ríthábhachtach chun an tslándáil a choinneáil. Leis an raon feidhme íosta coiteann, ba cheart a chumhdach freisin infheistíochtaí coigríche i sprioc-chuideachtaí de chuid an Aontais ina ndéantar leathsheoltóir nó teicneolaíochtaí candamacha a tháirgeadh, nó a fhorbairt, nó ina ndéantar taighde orthu, nó teicneolaíochtaí áirithe intleachta saorga a fhorbairt, nó taighde a dhéanamh orthu, i bhfianaise a dtábhachta straitéisí agus a ról cumasúcháin i raon leathan feidhmeanna atá ríthábhachtach don tslándáil. Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit scagadh a dhéanamh ar infheistíochtaí coigríche i sprioc-chuideachtaí de chuid an Aontais a dhéanann gníomhaíochtaí áirithe a bhaineann le hamhábhair straitéiseacha a liostaítear i Roinn I d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1252 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷, eadhon taiscéalaíocht, eastóscadh, próiseáil, athchúrsáil, aisghabháil nó stoc-charnadh. Is féidir le rialú eachtrach ar ghníomhaíochtaí den sórt sin rioscaí a chruthú maidir le suaitheadh soláthair, spleáchas straitéiseach nó gearáil mhíchuí.

⁵ Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnaimh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú (IO L 206, 11.6.2021, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/821/oj>).

⁶ Treoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 6 Bealtaine 2009 lena simplítear téarmaí agus coinníollacha aistriithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Chomhphobal (IO L 146, 10.6.2009, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2009/43/oj>).

⁷ Rialachán (AE) 2024/1252 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena mbunaítear creat chun soláthar slán inbhuanaithe amhábhhar criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1724 agus (AE) 2019/1020 (IO L, 2024/1252, 3.5.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1252/oj>).

Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit scagadh a dhéanamh ar infheistíochtaí coigríche i sprioc-chuideachtaí de chuid an Aontais ar leo bunachair sonraí clárúcháin vótálaithe, córais vótála agus córais faisnéise ábhartha eile, nó a fhorbraíonn nó a oibríonn iad. Ina theannta sin, ba cheart scagadh a dhéanamh freisin ar infheistíochtaí coigríche i mbonneagar áirithe margaidh airgeadais agus in eintitis airgeadais a bhfuil tábhacht shistéamach leo, lena n-áirítear contrapháirtithe lárnacha, taisclanna lárnacha urrús, oibreoirí margaí rialáilte, oibreoirí córas íocaíochta seachas bainc cheannais, institiúidí eile a bhfuil tábhacht shistéamach leo agus soláthraithe domhanda sainseirbhísí teachtaireachtaí airgeadais, i bhfianaise ról lárnach an bhonneagair sin agus na n-eintiteas sin i gcobhsaíocht, sláine agus athléimneacht chóras airgeadais an Aontais, agus cuspóirí an aontais coigiltis agus infheistíochta á gcur san áireamh.

- (26) Ba cheart a áireamh sa raon feidhme íosta coiteann freisin infheistíochtaí coigríche i sprioc-chuideachtaí de chuid an Aontais atá gníomhach in earnálacha an iompair, an fhuinnimh nó an bhonneagair dhigitigh ach amháin a mhéid a mheastar iad a bheith criticiúil tar éis measúnú rioscabhunaithe, spriocdhírthe arna dhéanamh ag an mBallstát ina bhfuil siad bunaithe. Ba cheart an tslándáil náisiúnta agus feidhmeanna sochaíocha ríthábhachtacha a chur san áireamh sa mheasúnú sin, i bhfianaise na seirbhísí bunriachtanacha a sholáthraíonn an sprioc-chuideachta de chuid an Aontais lena mbaineann. Ba cheart rogha a bheith ag na Ballstáit i gcónaí na heintitis lena mbaineann a ainmniú laistigh de na hearnálacha sin agus ba cheart dóibh, i gcás inarb iomchuí, measúnuithe riosca arna ndéanamh de bhun Threoir (AE) 2022/2557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸ a chur san áireamh. Chun intuarthacht a áirithiú d'infheisteoirí coigríche, ba cheart d'eintitis a bheith in ann a fháil amach, más gá tar éis dóibh dul i dteagmháil leis an údarás inniúil scagtha, an meastar iad a bheith criticiúil chun críocha an Rialacháin seo.

⁸ Treoir (AE) 2022/2557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/114/CE ón gComhairle (IO L 333, 27.12.2022, lch. 164, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2557/oj>).

Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit athmheasúnú rialta a dhéanamh ar na sprioc-chuideachtaí de chuid an Aontais ba cheart a mheas mar sprioc-chuideachtaí criticiúla chun críocha an Rialacháin seo. I measc na samplaí d'eintitis a bhfuil measúnú le déanamh orthu tá, ar an gcéad dul síos, in earnáil an fhuinnimh: saoráid stórála fuinnimh mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁹ agus oibreoirí córais tarchurtha gáis de réir bhrí Threoir (AE) 2024/1788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁰; ar an dara dul síos, in earnáil an iompair: aerfoirt mar a shainmhínítear i dTreoir 2009/12/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹¹, lena n-áirítear na croí-aerfoirt a liostaítear i Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹² agus eintitis a oibríonn suiteálacha coimhdeacha atá laistigh de na haerfoirt, i gcás ina bhfuil na suiteálacha sin bunriachtanach do shlándáil agus leanúnachas oibríochtaí na n-aerfort sin, comhlachtaí bainistíochta calafort mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2017/352 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹³, i ndáil leis na croí-chalafóirt a liostaítear i Rialachán (AE) 2024/1679, soláthraithe seirbhísí calafóirt mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2017/352, agus eintitis eile laistigh de na croí-chalafóirt, i gcás ina bhfuil na heintitis eile sin bunriachtanach do shlándáil agus leanúnachas oibríochtaí na gcroí-chalafort sin; agus ar an tríú dul síos, in earnáil an bhonneagair dhigitigh: soláthraithe seirbhísí néalríomhaireachta agus soláthraithe líonraí cumarsáide leictreonaí poiblí.

⁹ Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE (IO L 158, 14.6.2019, lch. 125, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2019/944/oj>).

¹⁰ Treoir (AE) 2024/1788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le rialacha comhchoiteanna do na margaí inmheánacha do ghás in-athnuaite, do ghás nádúrtha agus do hidrigin, lena leasaítear Treoir (AE) 2023/1791 agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/73/CE (IO L, 2024/1788, 15.7.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1788/oj>).

¹¹ Treoir 2009/12/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le muirir aerfoirt (IO L 70, 14.3.2009, lch. 11, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2009/12/oj>).

¹² Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1153 agus (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 (IO L, 2024/1679, 28.6.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1679/oj>).

¹³ Rialachán (AE) 2017/352 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Feabhra 2017 lena mbunaítear creat chun seirbhísí calafóirt a sholáthar agus rialacha comhchoiteanna maidir le trédhearcacht airgeadais calafort (IO L 57, 3.3.2017, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2017/352/oj>).

- (27) Chun an tslándáil agus an t-ord poiblí a chosaint go leordhóthanach agus chun éifeachtacht an tsásra comhair a áirithiú, is gá do na Ballstáit uile scagadh ex ante a dhéanamh ar infheistíochtaí coigríche a thagann faoin raon feidhme íosta coiteann. Tá sé ríthábhachtach ceanglas réamhúdaraithe a bheith ann, toisc go dtagann go leor rioscaí a bhaineann le hinfeistíochtaí coigríche chun cinn tráth a fhaigheann an t-infheisteoir coigríche rannpháirtíocht éifeachtach sa bhainistiú nó sa rialú agus nach féidir iad a mhaolú go héifeachtach tar éis na hinfeistíochtaí coigríche a thabhairt i gcrích. Is fíor sin go háirithe i gcás na n-infheistíochtaí coigríche a thagann faoin raon feidhme íosta coiteann, ós rud é go bhféadfadh sé a bheith mar thoradh ar infheistíochtaí coigríche den sórt sin go soláthrófaí rochtain dho-aisiompaithe ar fhaisnéis íogair, ar theicneolaíochtaí criticiúla, ar bhonneagar bunriachtanach nó ar shócmhainní straitéiseacha. Bheadh ualach díréireach ag baint le hidirghabháil ex post, in imthosca den sórt sin, agus, in aon chás, bheadh sí neamhéifeachtach maidir leis an tslándáil agus leis an ord poiblí a chosaint go cuí.
- (28) Déantar infheistíochtaí i láithreán úrnua i gcás ina gcuireann infheisteoir coigríche nó fochuideachta de chuid infheisteora coigríche san Aontas saoráidí nua nó gnóthas nua ar bun chun gníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh san Aontas. Ba cheart d'infheistíochtaí i láithreán úrnua teacht faoi raon feidhme an Rialacháin seo. Mar sin féin, níor cheart ceanglas réamhúdaraithe a fhorchur leis an Rialachán seo i leith na n-infheistíochtaí sin. Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith de shaoirse i gcónaí ag na Ballstáit cinneadh a dhéanamh i dtaobh infheistíochtaí den sórt sin a áireamh i raon feidhme a sásraí um scagadh.

- (29) Leis an sásra comhair a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/452, cuirtear ar chumas na mBallstát dul i gcomhar agus cuidiú le chéile i gcás inar dócha go ndéanfadh infheistíocht dhíreach choigríche i mBallstát amháin difear a dhéanamh don tslándaíl nó don ord poiblí i mBallstáit eile nó do thionscadail nó do chlár atá chun leasa an Aontais. Cruthaíodh go dtí seo go raibh an sásra sin an-úsáideach, dá bhrí sin, ba cheart é a choinneáil ar bun agus a neartú leis an Rialachán seo chun cur chuige níos ailínithe a áirithiú i leith infheistíochtaí coigríche ar fud an Aontais.

(30) Ionas nach ndíreoidh an sásra comhair ach ar na hinfheistíochtaí coigríche sin ina bhfágann saintréithe an infheisteora coigríche nó na sprioc-chuideachta de chuid an Aontais gur dócha go mbeidh éifeacht dhiúltach ag an infheisteoir nó ag an sprioc-chuideachta ar an tslándáil nó ar an ord poiblí, is iomchuí coinníollacha rioscabhunaithe a bhunú maidir le fógra a thabhairt do na Ballstáit eile agus don Choimisiún faoi infheistíochtaí coigríche a bhfuil scagadh á dhéanamh orthu i mBallstát. Go háirithe, i gcás ina bhfuil infheisteoir coigríche nó a fhochuideachta san Aontas faoi rialú díreach nó indíreach rialtais tríú tír, is dóchúla go bhféadfadh sé cuspóirí beartais an tríú tír sin a shaothrú. Dá bhrí sin, is iomchuí do na Ballstáit fógra a thabhairt faoi infheistíochtaí coigríche arna ndéanamh ag na hinfheisteoirí coigríche sin i gcás ina dtagann siad faoi raon feidhme íosta coiteann na sásraí um scagadh. D'fhéadfaí rialú díreach nó indíreach ag rialtas tríú tír a fheidhmiú ar roinnt bealaí agus d'fhéadfaí é a chinneadh, inter alia, ar bhonn struchtúr úinéireachta, cistiú rialtais, socruithe sonracha rialachais amhail scaireanna órga, nó gnéithe eile atá dírithe ar thionchar a imirt ar chinntí bainistíochta. Ar an gcaoi chéanna, is iomchuí do na Ballstáit fógra a thabhairt faoi infheistíochtaí coigríche a thagann faoin raon feidhme íosta coiteann i gcás ina raibh an t-infheisteoir coigríche páirteach in infheistíochtaí coigríche a toirmeascadh nó a údaraíodh faoi réir bearta maolaitheacha nár comhlíonadh go suntasach nó nár comhlíonadh arís agus arís eile. Dá bhrí sin, mar riail ghinearálta, ní bheadh cásanna nós imeachta nó foirmiúla de neamhchomhlíonadh astu féin ina gcúis le fógra a thabhairt. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart do na Ballstáit fógra a thabhairt faoi infheistíochtaí coigríche i gcás ina gcinneann siad grinn-imscrúdú a dhéanamh agus ina bhfuil an sprioc-chuideachta de chuid an Aontais nasctha le tionscadaíl nó le cláir atá chun leasa an Aontais nó le Ballstáit eile. Thairis sin, i gcás nach gcomhlíonann infheistíocht choigríche na coinníollacha eile a leagtar síos chun fógra a thabhairt fúithi tríd an sásra comhair, ba cheart don Bhallstát ina bhfuil scagadh á dhéanamh ar an infheistíocht choigríche, mar sin féin, fógra a thabhairt faoin infheistíocht choigríche sin do na Ballstáit eile agus don Choimisiún, i gcás ina measann an Ballstát sin go bhféadfadh an infheistíocht choigríche difear diúltach a dhéanamh don tslándáil nó don ord poiblí i mBallstát amháin eile ar a laghad. Áirithítear leis sin go dtabharfar fógra tríd an sásra comhair faoi gach infheistíocht choigríche a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar an tslándáil nó ar an ord poiblí, agus áirithítear ag an am céanna go gcoinneoidh an Ballstát óstach corrlach lánroghnach agus cinneadh á dhéanamh aige i dtaobh ar comhlíonadh na coinníollacha maidir le fógra a thabhairt. Sa chás sin, ba cheart don Bhallstát a thugann fógra míniú a thabhairt ar na cúiseanna atá le fógra a thabhairt faoin infheistíocht choigríche sin.

- (31) Chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht an tsásra comhair a áirithiú, is gá sprioc-amanna agus nósanna imeachta a ailíniú i gcás ina ndéantar scagadh in dhá Bhallstát nó níos mó ar roinnt infheistíochtaí coigríche atá nasctha leis an idirbheart níos leithne céanna. Maidir le hidirbhearta ilnáisiúnta den sórt sin, ba cheart do na hiarratasóirí féachaint leis na comhduithe ar leithligh a dhéanamh sna Ballstáit lena mbaineann an lá céanna. Ba cheart do na Ballstáit sin féachaint le fógra a thabhairt faoi na comhduithe sin an lá céanna tríd an sásra comhair. Chun a áirithiú go láimhseálfar na hidirbhearta ilnáisiúnta sin go héifeachtúil, ba cheart do na Ballstáit lena mbaineann comhordú a dhéanamh le linn an nós imeachta um scagadh. Go háirithe, ba cheart dóibh plé a dhéanamh eatarthu féin agus leis an gCoimisiún, má iarrann Ballstát amhlaidh, i dtaobh ar cheart fógra a thabhairt faoi na hinfeistíochtaí coigríche. Ba cheart dóibh a gcinntí maidir le scagadh a phlé freisin agus féachaint le huainiú a nósanna imeachta faoi seach a ailíniú, lena n-áirítear dáta glactha a gcinntí maidir le scagadh. I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag na Ballstáit lena mbaineann an infheistíocht choigríche atá faoi réir bearta maolaitheacha a údarú, ba cheart dóibh plé a dhéanamh i dtaobh an bhfuil na cinntí atá beartaithe maidir le scagadh comhoiriúnach lena chéile agus aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar na rioscaí sainaitheanta.
- (32) Chun an éifeacht dhiúltach is dócha a bheidh ag infheistíocht choigríche ar an tslándáil nó ar an ord poiblí i mBallstát amháin nó níos mó a shainaithint go leormhaith, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann barúlacha a sholáthar agus ba cheart don Choimisiún a bheith in ann tuairim a eisiúint do Bhallstát óstach fiú mura bhfuil scagadh á dhéanamh ag an mBallstát sin ar an infheistíocht choigríche sin nó más rud é go ndearnadh scagadh ar an infheistíocht choigríche ach nár tugadh fógra fúithi tríd an sásra comhair. Ba cheart do na Ballstáit a n-iarrataí ar fhaisnéis, freagraí agus barúlacha a tharchur go comhuaineach chuig an gCoimisiún.

- (33) I gcás ina n-eascraíonn an éifeacht dhiúltach is dócha a bheidh ar an tslándáil nó ar an ord poiblí as infheistíocht choigríche i sprioc-chuideachta de chuid an Aontais atá ina cuid de cheann de na tionscadail nó de na cláir atá chun leasa an Aontais nó atá rannpháirteach i gceann de na tionscadail nó de na cláir sin, ar tionscadail nó cláir iad atá criticiúil don Aontas ina iomláine, ba cheart an Coimisiún a bheith in ann tuairim a eisiúint. Tuairim ón gCoimisiún lena sainaitheann an éifeacht dhiúltach is dócha a bheidh ar thionscadail nó ar chláir atá chun leasa an Aontais ar fhoras na slándála nó an oird phoiblí, ba cheart fógra a thabhairt faoin tuairim sin do na Ballstáit uile.
- (34) Ba cheart an Coimisiún a bheith in ann tuairim a eisiúint chuig na Ballstáit uile i gcás ina sainaitheann sé dhá infheistíocht choigríche nó níos mó ar dócha, nuair a chuirtear le chéile iad, go mbeidh tionchar diúltach acu ar an tslándáil nó ar an ord poiblí. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh go háirithe i gcás ina mbaineann saintréithe inchomparáide le dhá infheistíocht choigríche nó níos mó, mar shampla, i gcás ina ndéanann an t-infheisteoir coigríche céanna na hinfeistíochtaí coigríche, i gcás ina mbaineann rioscaí comhchosúla le dhá infheisteoir coigríche nó níos mó, nó i gcás ina mbaineann dhá infheistíocht choigríche nó níos mó leis an sprioc-chuideachta chéanna nó leis an mbonneagar céanna, amhail bonneagar tras-Eorpach iompair, fuinnimh nó cumarsáide. Ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún plé a dhéanamh ar anailís an Choimisiúin ar na rioscaí a sainaitheann sa tuairim uaidh agus ar na bealaí a d'fhéadfadh a bheith ann chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin.
- (35) Níor cheart do na Ballstáit cinneadh maidir le scagadh a ghlacadh sula mbeidh na sprioc-amanna le haghaidh barúlacha agus tuairimí imithe in éag mura rud é go n-éilítear cinneadh níos luaithe de bharr leasanna slándála nó oird phoiblí, amhail féimheacht na sprioc-chuideachta de chuid an Aontais a sheachaint. Ba cheart fógra a thabhairt faoi na himthosca eisceachtúla sin do na Ballstáit eile agus don Choimisiún, agus ba cheart dóibh sin a mbarúlacha a sholáthar nó a thuairim a eisiúint go gasta.

- (36) Chun aghaidh a thabhairt go leormhaith ar an éifeacht dhiúltach is dócha a bheidh ag infheistíocht choigríche ar an tslándáil nó ar an ord poiblí i mBallstát amháin nó níos mó, Ballstáit a fhaigheann barúlacha a bhfuil údar cuí leo ó Bhallstáit eile nó tuairim ón gCoimisiún, ba cheart dóibh aird chuí a thabhairt ar na barúlacha nó an tuairim sin, lena n-áirítear i gcás ina measann an Ballstát nach ndéantar difear dá shlándáil nó dá ord poiblí féin. Ba cheart don Bhallstát sin, i gcás inar gá, comhordú leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit lena mbaineann agus an chuid oibríochtúil agus achoimre ar na príomhchúiseanna atá lena chinneadh a sholáthar dóibh. Ba cheart a áireamh san achoimre sin a mhéid a thug an Ballstát óstach aird chuí ar bharúlacha na mBallstát nó ar an tuairim ón gCoimisiún agus, i gcás inarb infheidhme, na cúiseanna nár aontaigh sé le barúlacha na mBallstát nó leis an tuairim ón gCoimisiún. Áirithítear le soláthar na faisnéise sin go bhfuil na Ballstáit cuntasach as an gcaoi a dtugann siad aird chuí ar na hábhair inní a chuir Ballstáit eile nó an Coimisiún in iúl, agus urraim á tabhairt ag an am céanna do chineál íogair na gcinntí maidir le scagadh agus na faisnéise rúnda atá iontu.

(37) Tá sé tábhachtach a chur san áireamh go bhféadfadh infheistíochtaí coigríche nár tugadh fógra tríd an sásra comhair fúthu a bheith ina riosca don tslándáil nó don ord poiblí. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún a bheith in ann, tráth nach déanaí ná 15 mhí ón infheistíocht choigríche a thabhairt i gcrích, barúlacha a bhfuil údar cuí leo a sholáthar nó tuairim a eisiúint, faoi seach, chuig an mBallstát óstach maidir le hinfeistíocht choigríche nár tugadh fógra tríd an sásra comhair fúithi. Ionas nach gcuirfear ró-ualach ar an sásra comhair, ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún, sula soláthróidh siad barúlacha nó sula n-eiseoidh siad tuairim, faoi seach, a fhíorú an bhfuil tús curtha cheana féin ag an mBallstát óstach le scagadh na hinfeistíochta coigríche nó an bhfuil sé curtha i gcrích aige cheana féin agus an bhfuil sé beartaithe aige fógra a thabhairt faoin infheistíocht choigríche tríd an sásra comhair. Ba cheart don Bhallstát óstach aird chuí a thabhairt ar bharúlacha na mBallstát eile agus ar an tuairim ón gCoimisiún agus, ar an mbonn sin, na Ballstáit a sholáthair barúlacha agus an Coimisiún a chur ar an eolas mura bhfuil sé beartaithe aige scagadh a dhéanamh ar an infheistíocht choigríche. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh, mar shampla, i gcás ina n-easaontaíonn an Ballstát óstach leis na rioscaí a shainaithnítear sna barúlacha nó sa tuairim. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh an Ballstát óstach a léiriú nach bhfuil sé i gceist aige scagadh a dhéanamh ar an infheistíocht choigríche toisc nach dtagann an infheistíocht choigríche faoi raon feidhme a shásra um scagadh nó toisc go ndearnadh scagadh uirthi cheana féin, cé gur cheart soiléiriú a bheith tugtha ar na cásanna sin, go hidéalach, sular soláthraíodh aon bharúil nó sular eisíodh aon tuairim. I gcás ina léiríonn an Ballstát óstach nach bhfuil sé i gceist aige scagadh a dhéanamh ar an infheistíocht choigríche, ba cheart cruinniú a eagrú arna iarraidh sin ag Ballstát a sholáthair barúlacha nó arna iarraidh sin ag an gCoimisiún, i gcás inar eisigh an Coimisiún tuairim. Ba cheart cuireadh a thabhairt don Choimisiún freastal ar an gcruinniú fiú murar eisigh sé tuairim. D'fhéadfadh na Ballstáit a sholáthair barúlacha nó an Coimisiún, go háirithe, a iarraidh go mbeadh cruinniú den sórt sin ann chun na rioscaí a sainaithníodh a chur i láthair nó a phlé tuilleadh. I gcás ina gcinneann an Ballstát óstach, tar éis an chruinnithe agus d'ainneoin na mínithe breise a fuarthas ó na Ballstáit a sholáthair barúlacha nó ón gCoimisiún, gan scagadh a dhéanamh ar an infheistíocht choigríche, ba cheart dó na Ballstáit a sholáthair barúlacha agus an Coimisiún a chur ar an eolas faoi sin agus míniú i scríbhinn a thabhairt dóibh. D'fhéadfadh forluí a bheith ag an míniú sin i scríbhinn leis na cúiseanna a luadh roimhe sin, mar shampla ag an gcruinniú a iarradh.

- (38) Chun éifeachtúlacht an tsásra comhair a áirithiú, ba cheart na pointí teagmhála arna gcur ar bun ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm a lonnú go hoiriúnach ina struchtúir riaracháin faoi seach. Ba cheart foireann cháilithe a bheith ag na pointí teagmhála mar aon leis na cumhachtaí is gá chun a n-obair a dhéanamh faoin sásra um chomhordú agus chun láimhseáil cheart faisnéise rúnda a áirithiú.
- (39) Chun feidhmiú éifeachtach an tsásra comhair a áirithiú, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit a thugann fógra faoin infheistíocht choigríche tríd an sásra comhair íosleibhéal faisnéise a sholáthar i bhformáid chaighdeánaithe. I gcás nach dtugtar fógra faoi infheistíocht choigríche tríd an sásra comhair, ba cheart don Bhallstát óstach a bheith in ann an t-íosleibhéal céanna faisnéise ar a laghad a sholáthar. Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit a bheith in ann faisnéis bhreise a iarraidh ar an mBallstát óstach. Ba cheart údar cuí a bheith le haon iarraidh ar fhaisnéis bhreise, í a bheith teoranta don fhaisnéis is gá chun go soláthróidh na Ballstáit barúlacha nó go n-eiseoidh an Coimisiún tuairim, í a bheith comhréireach le cuspóir na hiarrata agus gan ualach míchuí a bheith ag baint léi don Bhallstát óstach.

- (40) Chun a áirithiú go mbeidh an comhar bunaithe ar fhaisnéis iomlán chruinn, ba cheart don Bhallstát óstach a bheith in ann a iarraidh ar infheisteoir coigríche nó ar aon duine nádúrtha nó dlítheanach eile laistigh de shlabhra rialaithe an infheisteora coigríche nó laistigh de shlabhra rialaithe na sprioc-chuideachta de chuid an Aontais faisnéis a sholáthar. Chun cáilíocht na faisnéise a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit óstacha, i gcás ina bhfuil amhras réasúnach orthu faoi iomláine agus cruinneas na faisnéise, bearta réasúnacha a dhéanamh chun an fhaisnéis a sholáthraíonn an t-infheisteoir coigríche sin nó duine nádúrtha nó dlítheanach eile dóibh a fhíorú. Mar shampla, ba cheart don Bhallstát óstach contrárthachtaí follasacha agus faisnéis ar léir í a bheith bréagach, míthreorach nó in easnamh a shainnaint. In imthosca eisceachtúla, i gcás, d'ainneoin na n-iarrachtaí a rinne sé, nach mbeidh an Ballstát óstach in ann faisnéis arna iarraidh ag Ballstát eile nó ag an gCoimisiún a fháil, ba cheart dó fógra a thabhairt dóibh gan mhoill. Sa chás sin, ba cheart do na Ballstáit eile agus don Choimisiún a bheith in ann a mbarúlacha agus a dtuairim, faoi seach, a bhunú ar an bhfaisnéis atá ar fáil dóibh.

(41) D'fhéadfadh bacainní a bheith roimh an mBallstát óstach agus roimh an gCoimisiún maidir le faisnéis ábhartha a bhailiú ó dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha i mBallstáit eile. Dá bhrí sin, i gcás ina bhfuil géarghá le píosa áirithe faisnéise chun a chinneadh an dócha go ndéanfaidh an infheistíocht choigríche difear diúltach don tslándáil nó don ord poiblí, ba cheart don Bhallstát óstach agus don Choimisiún a bheith in ann a iarraidh ar Bhallstát eile faisnéis a bhailiú ó dhuine nádúrtha nó dlítheanach atá ina chónaí nó bunaithe ina chríoch. Ina theannta sin, d'fhéadfadh Ballstát óstach aghaidh a thabhairt ar chás inar gá iarraidh ar dhá Bhallstát eile nó níos mó cuidiú leis an bhfaisnéis sin a bhailiú, rud a d'fhéadfadh a bheith ina ualach suntasach, go háirithe do na Ballstáit a bhfuil acmhainní níos teoranta acu. Chun éifeachtacht an chúnaimh bailithe faisnéise a fheabhsú, ba cheart do Bhallstát óstach a bheith in ann a iarraidh ar an gCoimisiún cúnaimh a thabhairt sa phróiseas sin agus an fhaisnéis a bhailiú ina leith. Ag an am céanna, ba cheart don Bhallstát ina bhfuil cónaí ar an duine nádúrtha nó dlítheanach óna bhfuil an fhaisnéis á lorg nó ina bhfuil an duine sin bunaithe, a bheith in ann, laistigh de thréimhse ama réasúnach, agóid a dhéanamh i gcoinne an phróisis sin nó tairiscint a dhéanamh an fhaisnéis sin a sholáthar é féin. Áirithítear leis an bhféidearthacht atá ag an mBallstát sin agóid a dhéanamh go gcoinneoidh na Ballstáit rialú ar bhailiú faisnéise ar a gcríoch. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún an Ballstát sin a chur ar an eolas go leormhaith, lena n-áirítear maidir leis an bhfaisnéis a iarrann an Ballstát óstach. Ba cheart do Bhallstát óstach a bheith in ann a roghnú iarraidh ar Bhallstát eile an fhaisnéis is gá a bhailiú nó cúnaimh a iarraidh ar an gCoimisiún, ag brath ar a measann sé a bheith níos éifeachtúla nó níos iomchuí i gcás ar leith. Mar chuid d'iarraidh ar fhaisnéis, d'fhéadfadh an duine nádúrtha nó dlítheanach óna bhfuil faisnéis á lorg faisnéis rúnda a fháil, fiú go hindíreach, amhail faisnéis faoin infheistíocht choigríche atá beartaithe. Dá bhrí sin, is gá a shonrú nár cheart don duine nádúrtha nó dlítheanach sin aon fhaisnéis rúnda a fuair sé a úsáid chun aon chríche seachas chun freagra a thabhairt ar an iarraidh ar fhaisnéis agus nár cheart dó í a nochtadh.

(42) Ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún rúndacht na faisnéise a sholáthraíonn nó a fhaigheann siad a áirithiú agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm acu, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta; Níor cheart faisnéis a fhaightear mar thoradh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a úsáid ach amháin chun na críche ar soláthraíodh í, lena n-áirítear an fhaisnéis sin a úsáid san athbhreithniú breithiúnach ar chinntí maidir le scagadh. I gcás ina bhféadfadh nochtadh neamhúdaraíthe faisnéise dochar a dhéanamh do leasanna an Aontais, nó do leasanna Ballstáit amháin nó níos mó, ba cheart do thionscnóir na faisnéise an fhaisnéis a rúnaicmiú i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta. Agus iad ag freagairt d'iarrataí ar rochtain ar dhoiciméid a láimhseáiltear i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo, tá na Ballstáit agus an Coimisiún le comhordú le chéile agus tá siad leis an leibhéal cosanta le haghaidh na leasanna faoi chosaint atá ar fáil faoi Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁴ a sholáthar ar a laghad, d'fhonn cuspóir na n-imscrúduithe a chosaint. Ba cheart don Choimisiún na bearta uile is gá a dhéanamh chun cosaint na faisnéise rúnda a áirithiú i gcomhréir, go háirithe, le Cinntí (AE, Euratom) 2015/443¹⁵ agus (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún¹⁶.

¹⁴ Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2001/1049/oj>).

¹⁵ Cinneadh (AE, Euratom) 2015/443 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir le Slándáil sa Choimisiún (IO L 72, 17.3.2015, lch. 41, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2015/443/oj>).

¹⁶ Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh a chosaint (IO L 72, 17.3.2015, lch. 53, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2015/444/oj>).

Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún na bearta uile is gá a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Comhaontú idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le cosaint na faisnéise rúnaicmithe a mhalartaítear ar mhaithe le leas an Aontais Eorpaigh¹⁷. Áirítear leis sin, go háirithe, an oibleagáid gan faisnéis rúnaicmithe a íosghrádú ná a scaoileadh ón rúnaicmiú gan toiliú i scríbhinn roimh ré ón tionscnóir. Aon fhaisnéis atá de chineál íogair ach nach bhfuil rúnaicmithe nó aon fhaisnéis a chuirtear ar fáil ar bhonn rúnda, ba cheart do na húdaráis í a láimhseáil amhlaidh. Ba cheart don údarás scagtha deis a thabhairt don eintiteas a sholáthraíonn an fhaisnéis a léiriú cén fhaisnéis a mheasann sé a bheith rúnda. Is féidir é sin a dhéanamh, mar shampla, trí bhíthin na foirme atá le tíolacadh chun réamhúdarú na hinfheistíochta coigríche a iarraidh.

¹⁷ IO C 202, 8.7.2011, lch. 13.

- (43) Chun rúndacht agus sláine na cumarsáide a choimirciú, ba cheart don Choimisiún córas slán criptithe a bhunú agus a chothabháil a chomhlíonann na caighdeáin is airde cosanta sonraí agus slándála agus lena n-áirítear cumais faireacháin agus iniúchóireachta chun comhlíonadh na gcaighdeán slándála a áirithiú. Ba cheart gach cumarsáid shubstainteach idir na Ballstáit, agus idir na Ballstáit agus an Coimisiún faoin Rialachán seo, a tharchur tríd an gcóras sin, mura rud é gur gá, mar gheall ar chineál na faisnéise atá le tarchur, modhanna eile a úsáid, amhail doiciméid fhisiceacha. Ba cheart a áireamh sa chumarsáid shubstainteach idir na Ballstáit agus an Coimisiún, go háirithe, fógraí tríd an sásra comhair, faisnéis faoin rún barúil a sholáthar nó tuairim a eisiúint, iarrataí ar fhaisnéis ón mBallstát óstach, freagraí ar na hiarrataí, na barúlacha agus na tuairimí sin, agus faisnéis shubstaintiúil nua tar éis fógra a thabhairt faoin infheistíocht choigríche. Níor cheart go ndéanfadh bunú agus úsáid an chórais shláin chriptithe difear don chumarsáid fhoriomlán idir na húdaráis scagtha agus an Coimisiún, ar cumarsáid í ba cheart a bheith indéanta i gcónaí ar gach modh iomchuí.

- (44) Chun a áirithiú go ndéanfar comhduithe a bhaineann le scagadh infheistíochta coigríche a thíolacadh agus a phróiseáil ar bhealach slán éifeachtúil, agus chun an t-ualach riaracháin ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha araon a dhéanann comhdú agus ar údaráis scagtha a laghdú, ba cheart don Choimisiún, arna iarraidh sin do naoi mBallstát ar a laghad, tairseach ar líne de chuid an Aontais a bhunú ('tairseach AE ar líne'). Le tairseach AE ar líne, ba cheart sásra aontaithe a sholáthar do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha a dhéanann comhdú chun idirbhearta a chomhdú go leictreonach le húdaráis scagtha. Ba cheart don Choimisiún an córas a dhearadh le go mbeidh sé soláimhsithe agus ba cheart dó a áirithiú go gcomhlíonann sé na riachtanais is infheidhme maidir le cosaint sonraí agus na caighdeáin slándála. Níor cheart úsáid a bhaint as tairseach AE ar líne, má bhunaítear í, ach amháin maidir le hinfeistíochtaí coigríche i mBallstáit a d'iarr go mbeadh feidhm aici. Má iarrann Ballstát gan bheith páirteach i dtairseach AE ar líne sin, níor cheart úsáid a bhaint as tairseach AE ar líne a thuilleadh maidir le hinfeistíochtaí coigríche sa Bhallstát sin, gan difear a dhéanamh d'úsáid leanúnach thairseach AE ar líne ag na Ballstáit ábhartha eile.

- (45) Chun éifeachtacht an tsásra comhair a áirithiú, ba cheart don Choimisiún bunachar sonraí slán a bhunú ina mbeadh faisnéis faoi na hinfheistíochtaí coigríche ar tugadh fógra ina leith tríd an sásra comhair agus faoi thoradh na measúnuithe faoi shásraí um scagadh ón 12 Deireadh Fómhair 2020 i leith. Ba cheart do na Ballstáit, tar éis dóibh an nós imeachta náisiúnta a chur i gcrích, faisnéis áirithe faoin infheistíocht choigríche a uaslódáil chuig an mbunachar sonraí slán, agus d'fhéadfaidís faisnéis bhreise a sholáthar freisin, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, faisnéis ghnó ábhartha arna soláthar agus arna fíorú ó dhíoltóirí tráchtála, amhail soláthraithe anailíse riosca nó smachtbhannaí agus seirbhísí um scagadh comhlíontachta. Is iomchuí gan an fhaisnéis sin a chomhroinnt tríd an sásra comhair ach amháin a mhéid a cheadaítear sin leis na socruithe conarthacha lena rialaítear a húsáid agus a nochtadh. Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann faisnéis ábhartha a uaslódáil chuig an mbunachar sonraí slán maidir le cásanna nár comhlíonadh bearta maolaitheacha, go suntasach nó arís agus arís eile, ós rud é go bhféadfadh an fhaisnéis sin a bheith ábhartha chun a chinneadh ar cheart fógra a thabhairt tríd an sásra comhair faoi infheistíochtaí coigríche eile nó ar dócha go ndéanfaidís difear diúltach don tslándáil nó don ord poiblí.

- (46) Chun feabhas a chur ar chumas na mBallstát agus an Choimisiúin rioscaí féideartha don tslándáil nó don ord poiblí a eascraíonn as infheistíochtaí coigríche a shainaitheint, a mheasúnú agus a mhaolú, tá sé tábhachtach go mbeadh cumas faisnéise gnó ar ardchaighdeán ar fáil dóibh. Leis an gcumas sin, ba cheart a bheith in ann faisnéis ábhartha a bhailiú agus anailís a dhéanamh uirthi agus, ar an gcaoi sin, measúnuithe riosca comhordaithe a éascú. Faoi chuimsiú an ollstruchtúir ullmhachta i gcomhair géarchéimeanna arna bhunú faoi Rialachán (AE) 2024/2747 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁸, forbróidh an Coimisiún gnéithe le haghaidh an chumais sin. D’fhéadfadh sé an sásra comhair faoin Rialachán seo a chomhlánú a mhéid a bhaineann an fhaisnéis a bhailítear, a phróiseáiltear nó a ndéantar anailís uirthi faoi Rialachán (AE) 2024/2747 le rioscaí féideartha don tslándáil nó don ord poiblí.
- (47) Chun cur chuige comhsheasmhach ar fud an Aontais a áirithiú i leith scagadh na n-infheistíochtaí coigríche, tá sé bunriachtanach roinnt de na caighdeáin agus de na critéir a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí dóchúla don tslándáil nó don ord poiblí a shocrú ar leibhéal an Aontais. Ba cheart go gcuirfí san áireamh sna caighdeáin agus sna critéir sin rioscaí a bhaineann leis an infheistíocht choigríche agus rioscaí a bhaineann leis an infheisteoir coigríche.

¹⁸ Rialachán (AE) 2024/2747 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2024 lena mbunaítear creat beart a bhaineann le héigeandáil sa mhargadh inmheánach agus le hathléimneacht an mhargaidh inmheánaigh agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2679/98 ón gComhairle (Gníomh um Éigeandálaí sa Mhargadh Inmheánach agus Athléimneacht an Mhargaidh Inmheánaigh) (IO L, 2024/2747, 8.11.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2747/oj>).

(48) Is dócháil go mbeidh rioscaí ag baint le hinfheistíochtaí coigríche don tslándáil nó don ord poiblí i gcás inar dócha go mbeidh éifeachtaí acu ar earnálacha, ar shócmhainní nó ar ghníomhaíochtaí áirithe atá ríthábhachtach don tslándáil nó d'fheidhmeanna sochaíocha bunriachtanacha. Dá bhrí sin, is iomchuí go ndíreodh na Ballstáit agus an Coimisiún ar na héifeachtaí féideartha sin agus cinneadh á dhéanamh acu i dtaobh an bhféadfadh infheistíocht difear diúltach a dhéanamh don tslándáil nó don ord poiblí. Go háirithe, ba cheart dóibh measúnú a dhéanamh ar an éifeacht dhiúltach is dócha a bheadh ag infheistíocht ar shlándáil, sláine, athléimneacht agus feidhmiú eintitis chriticiúil mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2022/2557, i bhfianaise na bpríomhfheidhmeanna a dhéanann na heintitis sin agus na n-iarmhairtí a bheadh i gceist dá gcuirfí isteach orthu. Is amhlaidh atá i gcás infheistíochtaí coigríche a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'infhaighteacht teicneolaíochtaí criticiúla, nó do chosaint agus infhaighteacht maoiné intleachtúla nó sócmhainní doláimhsithe eile amhail rúin trádála, bunachair sonraí, algartaim nó próisis, ós rud é go bhféadfadh sceitheadh nó neamh-inrochtaineacht na dteicneolaíochtaí nó na sócmhainní sin an bonn a bhaint ón tslándáil. Tá sé chomh tábhachtach céanna do na Ballstáit agus don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar a mhéid a d'fhéadfadh infheistíocht choigríche difear a dhéanamh don tslándáil bia, don tsláinte phoiblí, lena n-áirítear soláthar agus infhaighteacht cógas criticiúil, nó do sholáthar leanúnach ionchur criticiúil chomh maith le slándáil saoráidí míleata agus saoráidí poiblí íogaire eile, i bhfianaise an róil ríthábhachtaigh atá ag na hearnálacha agus na sócmhainní sin maidir le hathléimneacht shochaíoch agus leanúnachas seirbhísí buntábhachtacha a chosaint.

Ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún breithniú a dhéanamh freisin ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag infheistíochtaí coigríche ar fhaisnéis íogair, lena n-áirítear sonraí pearsanta, go háirithe i gcás ina bhfuil tacair sonraí ar mórsála i gceist, mar gheall ar an riosca go mbainfí mí-úsáid as na sonraí sin nó go ndéanfaí iad a shaothrú go straitéiseach. Thairis sin, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar infheistíochtaí coigríche a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do thionscadail nó do chlár atá chun leasa an Aontais, i gcás ina bhféadfadh impleachtaí trasteorann don Aontas ina iomláine a bheith ag suaitheadh nó ag tionchar míchuí. Ar deireadh, chun cosaint a tabhairt ar chur isteach eachtrach féideartha, ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag infheistíochtaí coigríche ar shaoirse agus ar iolrachas na meán, lena n-áirítear ardáin ar líne agus ardáin na meán sóisialta nó a ngnéithe coimhdeacha, nó timpeallachtaí digiteacha agus idirghníomhacha eile chun críoch oideachais nó áineasa. Ar mhaithe leis an tsoiléireacht, ba cheart liosta na dtionscadal nó na gclár atá chun leasa an Aontais a leagan amach in iarscríbhinn. Ba cheart a áireamh orthu sin na líonraí tras-Eorpacha le haghaidh iompair, fuinnimh nó cumarsáide, mar aon le clár lena soláthraítear cistiú le haghaidh taighde agus forbairt ar mhaithe le gníomhaíochtaí atá ábhartha don tslándáil nó don ord poiblí. Ba cheart liosta de réimsí teicneolaíochta atá ábhartha do mheasúnuithe riosca faoin Rialachán seo agus liosta de chógais leighis chriticiúla a leagan amach in iarscríbhinní ar leithligh.

(49) Ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún comhthéacs agus imthosca na hinfheistíochta coigríche a chur san áireamh freisin. Ba cheart a áireamh leis sin, go háirithe, an dócha go saothróidh an t-infheisteoir coigríche, duine nádúrtha nó eintiteas a bhfuil an t-infheisteoir coigríche faoina rialú, úinéir tairbhiúil an infheisteora coigríche, aon cheann d'fhochuideachtaí an infheisteora coigríche, nó aon pháirtí eile atá faoi úinéireacht nó faoi rialú an infheisteora coigríche, nó a ghníomhaíonn thar ceann an infheisteora coigríche nó faoina threoir, cuspóirí beartais tríú tír nó go n-éascóidh sé forbairt cumais mhíleata tríú tír, chomh maith le cé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh sé an infheistíocht choigríche a úsáid chun tacú le sáruithe tromchúiseacha a dhéanamh ar chearta an duine nó ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta. D'fhéadfadh sáruithe tromchúiseacha den sórt sin a bheith ina gcúis le suaitheadh tromchúiseach sa chaidreamh eachtrach nó i gcómhaireachtáil shíochánta na náisiún, rud a dhéanadh difear do shlándáil na mBallstát. Thairis sin, d'fhéadfadh imthosca amhail iarrataí ar údarú ar diúltaíodh dóibh roimhe sin nó neamhchomhlíonadh beart maolaitheach, rannpháirtíocht roimhe sin i ngníomhaíochtaí a dhéanann difear diúltach don tslándáil nó don ord poiblí, gníomhaíochtaí neamhdhleathacha nó coiriúla, lena n-áirítear teacht timpeall ar bhearta sriantacha an Aontais arna nglacadh de bhun Airteagal 29 CAE agus Airteagal 215 CFAE, bunaíocht i dtríú tír a shaináithnítear mar thír a bhfuil easnaimh straitéiseacha shuntasacha aici ina córas náisiúnta maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac, ceanglas dlíthiúil chun faisnéis a chomhroinnt chun críoch faisnéise nó struchtúr úinéireachta teimhneach a bheith ina bhfachtóirí riosca agus ba cheart, dá bhrí sin, measúnú a dhéanamh orthu freisin. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún scrúdú a dhéanamh i dtaobh an bhféadfadh an t-infheisteoir coigríche a bheith ina chainéal do rialtas tríú tír nó do ghníomhaí neamhstáit chun an sprioc-chuideachta de chuid an Aontais a fháil agus tionchar a imirt uirthi go hindíreach. D'fhéadfadh níos mó ná tionchar a imrítear trí struchtúir chorparáideacha nó trí mhodhanna eile dlí chorparáidigh a bheith i gceist le tionchar den sórt sin agus d'fhéadfadh daoine nádúrtha amhail scairshealbhóirí nó stiúrthóirí boird an infheisteora é a imirt ar aon bhealach. Cuimsítear leis sin modhanna neamhfhoirmiúla lena n-áirítear caidrimh phearsanta a ghíaráil, brú phearsanta nó polaitiúil a chur, agus bagairtí agus cleachtais ionramhála nó mheabhlaicha eile a úsáid.

- (50) I gcás ina measann an Ballstát óstach gur dócha go mbeidh tionchar diúltach ag infheistíocht choigríche ar an tslándáil nó ar an ord poiblí, is iomchuí a cheangal ar an mBallstát sin bearta iomchuí a dhéanamh chun an riosca sin a mhaolú, i gcás ina mbeidh bearta leormhaithe ar fáil, agus aird chuí á tabhairt ar aon bharúlacha arna soláthar ag Ballstáit eile agus tuairim arna heisiúint ag an gCoimisiún. Níor cheart infheistíochtaí coigríche a thoirmeasc ná a leachtú ach ar bhonn eisceachtúil, i gcás nach leormhaith bearta maolaitheacha ná bearta atá ar fáil faoi dhlí an Aontais ná faoin dlí náisiúnta seachas na bearta sin atá laistigh den sásra um scagadh chun an éifeacht dhiúltach ar an tslándáil nó ar an ord poiblí a mhaolú.
- (51) Chun tacú le cur chun feidhme an tsásra comhair agus chun malartú dea-chleachtas i measc na mBallstát a chothú, ba cheart an grúpa saineolaithe maidir le scagadh na n-infheistíochtaí díreacha coigríche dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2019/452, a choinneáil ar bun agus a chúraimí a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir leis an Rialachán seo.

- (52) Ba cheart na Ballstáit agus an Coimisiún a spreagadh chun dul i gcomhar le húdaráis fhreagracha na dtríú tíortha atá ar aon intinn maidir le saincheisteanna a bhaineann le scagadh na n-infheistíochtaí coigríche ar fhorais na slándála nó an oird phoiblí. Ba cheart é a bheith mar aidhm leis an gcomhar riaracháin sin éifeachtacht an chreata a neartú lena ndéanfaidh na Ballstáit scagadh ar infheistíochtaí díreacha coigríche agus lena ndéanfar comhar de bhun an Rialacháin seo idir na Ballstáit agus an Coimisiún. Ba cheart é a bheith indéanta malartú faisnéise agus dea-chleachtas, chomh maith le tacaíocht theicniúil agus tacaíocht fothaithe acmhainneachta, a bheith i gceist leis an gcomhar sin. I gcomhthéacs an chomhair sin, ba cheart don Choimisiún tríú tíortha a spreagadh chun sásraí um scagadh ar infheistíochtaí a bhunú, go háirithe na tíortha sin is iarrthóirí ar aontachas leis an Aontas agus tíortha i gcomharsanacht an Aontais. Ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh freisin ar a dtarlaíonn maidir le sásraí um scagadh i dtríú tíortha. Ba cheart an Coimisiún a choimeád ar an eolas faoi theagmhálacha le tríú tíortha a mhéid a bhaineann siad le saincheisteanna sistéamacha a bhaineann le scagadh infheistíochtaí.
- (53) Chun trédhearcacht a fheabhsú d’infheisteoirí coigríche, ba cheart don Choimisiún liosta de na sásraí um scagadh go léir atá ar fáil go poiblí a choinneáil. Thairis sin, a mhéid nach leagtar síos é sin cheana sa dlí náisiúnta, ba cheart do na Ballstáit treoir mhionsonraithe a fhoilsiú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta maidir le raon feidhme a sásra um scagadh, maidir leis na tairseacha agus na truícír le haghaidh oibleagáidí maidir le fógra a thabhairt, agus maidir leis na hamlínte agus na rialacha nós imeachta is infheidhme.

- (54) Ba cheart do na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na sásraí um scagadh atá acu agus faoi aon leasú orthu sin. Ba cheart do na Ballstáit tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú maidir le cur i bhfeidhm a sásraí um scagadh, forbairtí reachtacha ábhartha agus gníomhaíochtaí an údaráis scagtha, lena n-áirítear sonraí comhiomlána agus anaithnidithe faoi na hidirbhearta a scagadh.
- (55) Ba cheart don Choimisiún tuarascáil bhliantúil maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo a tharraingt suas agus í a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Ar mhaithe leis an trédhearcacht, ba cheart an tuarascáil sin a chur ar fáil don phobal freisin. Ba cheart an tuarascáil a bheith bunaithe, inter alia, ar thuarascálacha arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin ag na Ballstáit uile ar bhonn rúnda agus aird chuí á tabhairt ar an ngá atá le rúndacht faisnéise áirithe a chosaint, go háirithe i gcás ina bhféadfaí difear a dhéanamh do shlándáil nó d'ord poiblí an Aontais le foilsiú na sonraí nó anaithnideacht idirbheart sonracha a chur i mbaol leis. Ba cheart a áireamh sa tuarascáil bhliantúil faisnéis faoi threochtaí agus figiúirí a bhaineann le hinfheistíocht choigríche isteach san Aontas, nuashonruithe ar fhorbairtí reachtacha ábhartha sna Ballstáit, chomh maith le faisnéis faoi iarrachtaí comhair idirnáisiúnta.

(56) Ba cheart aon phróiseáil sonraí pearsanta de bhun an Rialacháin seo a bheith i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí pearsanta. Ba cheart do na pointí teagmhála agus do na heintitis eile laistigh de na Ballstáit próiseáil sonraí pearsanta a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁹. Aon phróiseáil a dhéanfaidh an Coimisiún ar shonraí pearsanta, ba cheart í a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁰. D'fhéadfadh sonraí pearsanta a bheith i ndoiciméid agus i bhfoinsí eile faisnéise a phróiseáiltear chun infheistíocht a scagadh. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí ar na sonraí sin ainmneacha daoine nádúrtha arb infheisteoirí i sprioc-chuideachtaí iad, ainmneacha agus sonraí teagmhála daoine nádúrtha a bhfuil baint acu le bainistiú an infheisteora nó na sprioc-chuideachta, nó ainmneacha agus poist daoine a bhfuil baint acu le pointí teagmhála oibriúcháin. Ba cheart do gach údarás inniúil náisiúnta de chuid Ballstáit agus don Choimisiún a bheith freagrach go leithleach as sonraí pearsanta a phróiseáil agus an sásra comhair á úsáid acu.

¹⁹ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj>).

²⁰ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj>).

(57) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug an Maoirseoir tuairim uaidh an 15 Márta 2024. Ba cheart an Coimisiún agus na Ballstáit a mheas mar rialaitheoirí comhpháirteacha, de réir bhrí Rialachán (AE) 2018/1725 agus Rialachán (AE) 2016/679, chun sonraí pearsanta a phróiseáil. An 28 Aibreán 2022, shínigh an Coimisiún agus ionadaithe nó údaráis na mBallstát atá rannpháirteach sa sásra comhair faoi Rialachán (AE) 2019/452 Comhaontú maidir le Rialaitheoireacht Chomhpháirteach, atá comhoiriúnach leis an Rialachán seo. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún agus d'ionadaithe nó d'údaráis na mBallstát atá rannpháirteach sa sásra an Socrú sin maidir le Rialaitheoireacht Chomhpháirteach a choinneáil ar bun, ar cheart dó leanúint d'fheidhm a bheith aige freisin i ndáil leis an Rialachán seo, agus ba cheart tagairtí sa Socrú maidir le Rialú Comhpháirteach d'fhorálacha Rialachán (AE) 2019/452 a léamh, chun na críche sin, mar thagairtí d'fhorálacha comhfhreagracha an Rialacháin seo. Agus Tuairim 13/2024 ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí á cur san áireamh, measadh nach mbeadh sé iomchuí tréimhsí coinneála coiteanna a shainiú, ós rud é nach leagtar síos leis an Rialachán seo ach íoscheanglais na sásraí um scagadh agus ós rud é nach bhfuil ach tús curtha ag cuid de na Ballstáit lena sásraí um scagadh a fhorbairt.

(58) Ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú agus éifeachtacht an Rialacháin seo laistigh de 4 bliana agus 6 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin agus ba cheart dó tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Sa tuarascáil sin, ba cheart anailís a dhéanamh ar éabhlóid na n-infheistíochtaí coigríche isteach san Aontas agus ba cheart measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú an Rialacháin seo le slándáil eacnamaíoch an Aontais. Ba cheart measúnú a dhéanamh inti freisin i dtaobh an bhfuil údar le modhnú ar raon feidhme íosta coiteann na sásraí um scagadh, lena n-áirítear maidir le hinfheistíochtaí coigríche i spriocchuideachtaí de chuid an Aontais a mhonaraíonn nó a shealbhaíonn údarú margáochta le haghaidh táirgí íocshláinte criticiúla. Ina theannta sin, ba cheart meastóireacht a dhéanamh sa tuarascáil sin ar na rioscaí a bhaineann le hinfheistíochtaí coigríche i seirbhísí meán agus ar an mbealach is fearr chun aghaidh a thabhairt orthu. Ba cheart measúnú a chuimsiú inti freisin i dtaobh ar cheart an Rialachán seo a leasú. I gcás ina bhfuil togra sa tuarascáil chun an Rialachán seo a leasú, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann togra reachtach a chur i gceangal leis.

- (59) Ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit an Rialachán seo a chur chun feidhme i gcomhréir leis na ceanglais ábhartha maidir le bearta sriantacha a fhorchur ar fhorais na slándála nó an oird phoiblí a leagtar síos i gComhaontuithe na hEagraíochta Domhanda Trádála²¹, lena n-áirítear, go háirithe, Airteagal XIV(a) agus Airteagal XIV bis den Chomhaontú Ginearálta maidir le Trádáil Seirbhísí²². Ba cheart cur chun feidhme an Rialacháin seo a bheith comhsheasmhach freisin leis na gealltanais a tugadh faoi chomhaontuithe eile trádála agus infheistíochta ar comhpháirtithe iontu iad an tAontas nó na Ballstáit chomh maith le comhshocruithe trádála agus infheistíochta inar páirtithe iad an tAontas agus na Ballstáit.
- (60) I gcás inarb é atá in infheistíocht choigríche comhchruinniú a thagann faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle²³, ba cheart nár dhochar cur chun feidhme an Rialacháin seo do chur i bhfeidhm Airteagal 21(4) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004. Ba cheart an Rialachán seo agus Airteagal 21(4) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 a chur i bhfeidhm ar bhealach comhleanúnach. A mhéid atá raonta feidhme an dá Rialachán faoi seach ag forluí ar a chéile, ba cheart na forais atá leis an scagadh a leagtar amach sa Rialachán seo agus coincheap na leasanna dlisteanacha de réir bhrí Airteagal 21(4) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 a léirmhíniú ar bhealach comhleanúnach, gan dochar don mheasúnú ar a mhéid atá na bearta náisiúnta atá dírithe ar na leasanna sin a chosaint comhoiriúnach do phrionsabail ghinearálta dhlí an Aontais agus d'fhorálacha eile de dhlí an Aontais.

²¹ Cinneadh ón gComhairle an 22 Nollaig 1994 a bhaineann leis na comhaontuithe ar thángthas orthu faoi Bhabhta Uragua de na caibidlíochtaí iltaobhacha (1986-1994) a thabhairt i gerích thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, i ndáil le hábhair a thagann faoina inniúlacht (IO L 336, 23.12.1994, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/1994/800/oj>).

²² IO L 336, 23.12.1994, lch. 191,
ELI: [http://data.europa.eu/eli/agree_international/1994/800\(15\)/oj](http://data.europa.eu/eli/agree_international/1994/800(15)/oj).

²³ Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (Rialachán um Chumaisc CE) (IO L 24, 29.1.2004, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2004/139/oj>).

- (61) Níor cheart difear a dhéanamh leis an Rialachán seo do rialacha an Aontais maidir le measúnú stuamachta ar shealúchais cháilithe san earnáil airgeadais a fháil, a leagtar síos le Treoracha 2009/138/CE²⁴, 2013/36/AE²⁵ agus 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁶, ar nós imeachta sainiúil é lena bhfuil cuspóir sonrath.
- (62) Ba cheart cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a bheith comhsheasmhach leis na nósanna imeachta eile um fhógra a thabhairt agus um údarú a leagtar amach i ndlí an Aontais, agus an cur i bhfeidhm sin a bheith gan dochar dóibh. Ba cheart a cheadú don Choimisiún úsáid a bhaint as an bhfaisnéis faoina dtugann na Ballstáit fógra faoi chuimsiú an tsásra comhair chun a ról formhaoirseachta ar chur i bhfeidhm dhlí an Aontais a fheidhmiú i gcomhréir le hAirteagal 17 CAE.

²⁴ Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le dul i mbun ghnó an Árachais agus an Athárachais, agus an gnó sin a shaothrú (Sócmhainneacht II) (IO L 335, 17.12.2009, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2009/138/oj>).

²⁵ Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíochtaí institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2013/36/oj>).

²⁶ Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2014/65/oj>).

(63) Chun glacadh nó leasú gníomhartha dlí de chuid an Aontais lena mbunaítear tionscadail nó cláir a chur san áireamh, chun liosta na réimsí teicneolaíochta atá ábhartha do mheasúnuithe riosca a oiriúnú agus chun glacadh gníomhartha dlí lena ndéantar foráil maidir le bunú Liosta an Aontais de Tháirgí Íocshláinte Criticiúla a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith leasuithe ar fhorálacha ábhartha an Rialacháin seo agus ar na hlarscríbhinní a ghabhann leis. Le liosta na dtionscadal agus na gclár atá chun leasa an Aontais a leagtar amach san Iarscríbhinn ábhartha a ghabhann leis an Rialachán seo, ba cheart tionscadail nó cláir a chumhdach ar tionscadail nó cláir iad a bhunaítear le dlí an Aontais agus lena ndéantar foráil maidir le bonneagar criticiúil, teicneolaíochtaí criticiúla nó ionchuir chriticiúla a fhorbairt, a choinneáil ar bun nó a fháil agus ar bonneagar, ar teicneolaíochtaí nó arb ionchuir iad a bhfuil tábhacht ar leith acu don tslándáil nó don ord poiblí. Ba cheart a áireamh ar an liosta de réimsí teicneolaíochta atá ábhartha do mheasúnuithe riosca a leagtar amach san Iarscríbhinn ábhartha a ghabhann leis an Rialachán seo réimsí ina bhféadfadh infheistíocht choigríche difear a dhéanamh don tslándáil nó don ord poiblí i níos mó ná Ballstát amháin trí sprioc-chuideachta de chuid an Aontais, nach nglacann páirt i dtionscadal nó i gclár atá chun leasa an Aontais ná nach bhfaigheann cistí ó thionscadal nó ó chlár den sórt sin.

A mhéid a bhaineann le táirgí íocshláinte criticiúla, tá sé tábhachtach, nuair a bheidh Liosta an Aontais de Tháirgí Íocshláinte Criticiúla bunaithe ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Rialachán lena leagtar síos nósanna imeachta an Aontais maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus lena mbunaítear rialacha lena rialaítear an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1394/2007 agus (AE) Uimh. 536/2014 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 141/2000, (CE) Uimh. 726/2004 agus (CE) Uimh. 1901/2006, go dtabharfaí cothrom le dáta an tagairt do na táirgí íocshláinte criticiúla atá le cur san áireamh ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún agus cinneadh á dhéanamh acu i dtaobh an dócha go ndéanfaidh infheistíocht choigríche difear diúltach don tslándáil nó don ord poiblí agus go gcuirfí ina hionad tagairt do Liosta an Aontais de Tháirgí Íocshláinte Criticiúla agus do leasuithe arna ndéanamh air ina dhiaidh sin agus gur cheart an iarscríbhinn ábhartha a scríosadh. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr²⁷. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

²⁷ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj.

- (64) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an bhfoirm atá le húsáid chun faisnéis a sholáthar faoi infheistíochtaí coigríche, na socruithe maidir le feidhmiú an chórais shláin chriptithe agus thairseach AE ar líne, an treoraíocht theicniúil do na Ballstáit maidir leis an mbunachar sonraí slán i ndáil le toradh na measúnuithe faoi shásraí náisiúnta um scagadh, agus an fhoirm atá le húsáid ag na Ballstáit chun iad a thuairisciú go bliantúil don Choimisiún, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁸.
- (65) I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, is gá agus is iomchuí, chun an bunchuspóir a bhaint amach, is é sin a áirithiú nach mbeidh tionchar diúltach ag infheistíochtaí coigríche isteach san Aontas ar an tslándáil ná ar an ord poiblí, rialacha a leagan síos maidir le creat de chuid an Aontais maidir le scagadh infheistíochtaí coigríche ag na Ballstáit ina gcóir, ar fhorais na slándála nó an oird phoiblí agus maidir le sásra comhair chun a chur ar a gcumas do na Ballstáit agus don Choimisiún faisnéis ábhartha faoi infheistíochtaí coigríche a mhalartú, measúnú a dhéanamh ar an éifeacht a d'fhéadfadh a bheith acu ar an tslándáil nó ar an ord poiblí, agus ábhair inní a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaitheint. Ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir arna shaothrú a ghnóthú, i gcomhréir le hAirteagal 5(4) CAE.

²⁸ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj>).

(66) Ba cheart Rialachán (AE) 2019/452 a aisghairm. Chun go mbeidh tréimhse leordhóthanach ag na Ballstáit agus eintitis chun ullmhú dá chur chun feidhme, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ag tosú 18 mí ó dháta a theacht i bhfeidhm. Chun deimhneacht dhlíthiúil agus comhar rianúil idir na Ballstáit agus an Coimisiún a áirithiú maidir le scagadh na n-infheistíochtaí coigríche, agus ionchais dhlísteanacha infheisteoirí coigríche á gcur san áireamh, is iomchuí leanúint d'fheidhm a bheith ag Rialachán (AE) 2019/452 maidir le hinfeistíochtaí díreacha coigríche a bhfuil scagadh á dhéanamh orthu ar dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, nó a chuirtear i gcrích faoi dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Áirítear leis sin an fhéidearthacht do na Ballstáit barúlacha a sholáthar nó don Choimisiún tuairim a eisiúint de bhun Airteagal 7(8) de Rialachán (AE) 2019/452. Níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le hinfeistíochtaí díreacha coigríche a leanann Rialachán (AE) 2019/452 d'fheidhm a bheith aige ina leith. Níor cheart feidhm a bheith aige ach oiread maidir le hinfeistíochtaí coigríche eile a bhfuil scagadh á dhéanamh orthu ar dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, amhail infheistíochtaí laistigh den Aontas atá faoi réir scagadh cheana de bhun an dlí náisiúnta. Is iomchuí freisin a shoiléiriú nach bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir le hinfeistíochtaí coigríche a chuirtear i gcrích faoi dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Caibidil 1

Forálacha ginearálta

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Is é cuspóir an Rialacháin seo a áirithiú nach mbeidh tionchar diúltach ag infheistíochtaí coigríche isteach san Aontas ar an tslándáil ná ar an ord poiblí.
2. Leis an Rialachán seo, bunaítear creat de chuid an Aontais chun go ndéanfaidh na Ballstáit scagadh ar infheistíochtaí coigríche ina gcriócha ar fhorais na slándála nó an oird phoiblí.
3. Leis an Rialachán seo, bunaítear sásra comhair chun é a chur ar a gcumas do na Ballstáit agus don Choimisiún faisnéis ábhartha faoi infheistíochtaí coigríche a mhalartú, measúnú a dhéanamh ar an éifeacht a d'fhéadfadh a bheith acu ar an tslándáil nó ar an ord poiblí, agus ábhair inní a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaitheint, arb ábhair inní iad a dtabharfaidh an Ballstát óstach aird chuí orthu ('an sásra comhair').
4. Ní dochar an Rialachán don fhreagracht atá ar gach Ballstát faoi leith agus air siúd amháin as a shlándáil náisiúnta, dá dtagraítear in Airteagal 4(2) CAE, ná don cheart atá ag gach Ballstát a leasanna bunúsacha slándála a chosaint i gcomhréir le hAirteagal 346 CFAE.

5. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an méid a leanas:

- (a) infheistíochtaí coigríche a dhéantar de bhun uirlis réitigh nó cumhachtaí díluachála agus comhshó a chur i bhfeidhm mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointí (19) agus (66), faoi seach, de Threoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁹, de bhun uirlisí breise de réir bhrí Airteagal 37(9) den Treoir sin, uirlis réitigh nó cumhachtaí díluachála agus comhshó mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointí (9) agus (44), faoi seach, de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁰, uirlis réitigh mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (4), de Rialachán (AE) 2021/23 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³¹, agus in Airteagal 2, pointe (14), de Threoir (AE) 2025/1 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³², cumhachtaí díluachála nó comhshó mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (56), den Treoir sin, nó de bhun uirlisí breise de réir bhrí Airteagal 26(7) den Treoir sin;

²⁹ Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat um théarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2014/59/oj>).

³⁰ Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO L 225, 30.7.2014, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2014/806/oj>).

³¹ Rialachán (AE) 2021/23 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le creat le haghaidh téarnamh agus réiteach contrapháirtithe lárnacha agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1095/2010, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 806/2014 agus (AE) 2015/2365 agus Treoracha 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2007/36/CE, 2014/59/AE agus (AE) 2017/1132 (IO L 22, 22.1.2021, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/23/oj>).

³² Treoir (AE) 2025/1 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2024 lena mbunaítear creat le haghaidh gnóthais árachais agus athárachais a théarnamh agus a réiteach agus lena leasaítear Treoracha 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2007/36/CE, 2014/59/AE agus (AE) 2017/1132 agus Rialacháin (AE) Uimh. 1094/2010, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 806/2014 agus (AE) 2017/1129 (IO L, 2025/1, 8.1.2025, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2025/1/oj>).

- (b) athstruchtúrú inmheánach, ach amháin má dhéantar eintiteas dlíthiúil nua, atá bunaithe i dtríú tír nach bhfuil i slabhra úinéireachta réamhtheachtach na sprioc-chuideachta de chuid an Aontais cheana féin, a thabhairt isteach sa slabhra sin.

Airteagal 2

Sainmhínte

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (1) ciallaíonn ‘infheistíocht choigríche’ infheistíocht d’aon chineál, arna déanamh ag infheisteoir coigríche é féin nó trí fhochuideachta infheisteora coigríche san Aontas, arb é is aidhm di naisc fhadtéarmacha dhíreacha a bhunú nó a choinneáil ar bun idir an t-infheisteoir coigríche agus sprioc-chuideachta de chuid an Aontais, dá gcuireann an t-infheisteoir coigríche caipiteal ar fáil chun gníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh i mBallstát, lena gcumasaítear rannpháirtíocht éifeachtach i mbainistiú nó rialú na sprioc-chuideachta sin de chuid an Aontais;
- (2) ciallaíonn ‘infheistíocht i láithreán úrnua’ infheistíocht choigríche a dhéantar trí shaoráidí nua a bhunú nó trí ghnóthas a bhunú chun gníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh san Aontas;
- (3) ciallaíonn ‘athstruchtúrú inmheánach’ atheagrú grúpa chorparáidigh lena mbaineann sprioc-chuideachta de chuid an Aontais, nach mbíonn athrú ar úinéir tairbhiúil na sprioc-chuideachta de chuid an Aontais mar thoradh air;

- (4) ciallaíonn ‘iarraidh ar údarú’ iarraidh a thíolacadh faoi shásra um scagadh chun infheistíocht choigríche a údarú faoi réir ceanglas réamhúdaraithe;
- (5) ciallaíonn ‘infheisteoir coigríche’:
- (a) duine nádúrtha nach bhfuil náisiúntacht Bhallstáit aige nó aici; nó
 - (b) gnóthas nó eintiteas a bhunaítear nó a eagraítear ar bhealach eile faoi dhlíthe tríú tír;
- (6) ciallaíonn ‘úinéir tairbhiúil’:
- (a) duine nádúrtha amháin nó níos mó:
 - (i) a bhfuil infheisteoir coigríche nó sprioc-chuideachta de chuid an Aontais faoina úinéireacht nó faoina húinéireacht nó faoina rialú, go díreach nó go hindíreach;
 - (ii) a thairbhíonn ar deireadh den infheistíocht choigríche; nó
 - (iii) a ndéantar an infheistíocht choigríche thar a cheann nó thar a ceann nó a bhfeidhmítear an rialú ar an infheistíocht choigríche sin thar a cheann nó thar a ceann; nó
 - (b) i gcás nach saináithnítear aon duine nádúrtha, duine dlítheanach, eintiteas nó iontaobhas:
 - (i) a bhfuil infheisteoir coigríche nó sprioc-chuideachta de chuid an Aontais faoina úinéireacht nó faoina rialú, go díreach nó go hindíreach; nó
 - (ii) a thairbhíonn ar deireadh den infheistíocht choigríche;

- (7) ciallaíonn ‘fochuideachta infheisteora coigríche san Aontas’ gnóthas a bhunaítear faoi dhlíthe Ballstáit agus atá á rialú go díreach nó go hindíreach ag infheisteoir coigríche;
- (8) ciallaíonn ‘struchtúr úinéireachta teimhneach’ socrú ina bhfuil úinéireacht nó rialú eintitis doiléir, ceilte nó deacair a fhionnadh mar gheall, inter alia, ar an úsáid a bhaintear as struchtúir dhlíthiúla chasta, sraitheanna iolracha úinéireachta, scairshealbhóirí ainmnitheacha, nó sásraí eile lena ndéantar céannacht an úinéara thairbhiúil a cheilt;
- (9) ciallaíonn ‘sprioc-chuideachta de chuid an Aontais’ gnóthas a bhunaítear nó a bheartaítear a bhunú faoi dhlíthe Ballstáit;
- (10) ciallaíonn ‘comhdú’ an fhaisnéis nó an doiciméadacht uile a cheanglaítear faoin sásra um scagadh a chur faoi bhráid an údaráis scagtha den chéad uair, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, iarraidh iomlán ar údarú;
- (11) ciallaíonn ‘Ballstát óstach’ an Ballstát ina bhfuil sé beartaithe infheistíocht choigríche a thabhairt i gcrích nó ina dtugtar i gcrích í;
- (12) ciallaíonn ‘scagadh’ nós imeachta trínar féidir le Ballstát óstach infheistíochtaí coigríche a imscrúdú, a mheasúnú, a údarú, a údarú faoi réir bearta maolaitheacha, a thoirmeasc nó a leachtú ar fhorais na slándála nó an oird phoiblí;

- (13) ciallaíonn ‘sásra um scagadh’ ionstraim dlí a bhfuil feidhm ghinearálta aici agus ceanglais riaracháin, rialacha cur chun feidhme nó treoirlínte a ghabhann leo, ina leagtar amach na téarmaí, na coinníollacha agus na nósanna imeachta maidir le scagadh;
- (14) ciallaíonn ‘cinneadh maidir le scagadh’ beart arna ghlacadh ag údarás scagtha de bhun sásra um scagadh arb é an toradh atá air infheistíocht choigríche a údarú, a údarú faoi réir bearta maolaitheacha, a thoirmeasc nó a leachtú;
- (15) ciallaíonn ‘údarás scagtha’ nó ‘údaráis scagtha’ an t-údarás nó na húdaráis arna ainmniú nó arna n-ainmniú ag Ballstát chun scagadh a dhéanamh;
- (16) ciallaíonn ‘tabhairt i gcrích’ an pointe ama ag a gcomhlíontar an réamhchoinníoll deireanach nach foláir a chomhlíonadh i ndáil le cinneadh infheistíochta ag na páirtithe in idirbheart infheistíochta coigríche;
- (17) ciallaíonn ‘Ballstát a thugann fógra’ Ballstát a bhfuil fógra tugtha aige maidir le hinfheistíocht choigríche tríd an sásra comhair de bhun Airteagal 5;
- (18) ciallaíonn ‘idirbheart ilnáisiúnta’ infheistíocht choigríche atá faoi réir sásraí um scagadh in dhá Bhallstát nó níos mó;
- (19) ciallaíonn ‘fógra ilnáisiúnta’ fógra arna sheoladh tríd an sásra comhair ag gach ceann de na Ballstáit lena mbaineann maidir le hidirbheart ilnáisiúnta;

- (20) ciallaíonn ‘beart maolaitheach’ aon choinníoll a fhorchuireann Ballstát chun an éifeacht dhiúltach dhóchúil ar an tslándáil nó ar an ord poiblí a eascraíonn as infheistíocht choigríche a réiteach;
- (21) ciallaíonn ‘pointe teagmhála’ an duine nó an t-eintiteas atá ainmnithe ag Ballstát chun gach cumarsáid a sheoladh agus a fháil tríd an sásra comhair, lena n-áirítear fógraí agus malartuithe faisnéise a bhaineann le hinfeistíochtaí coigríche a chumhdaítear leis an Rialachán seo;
- (22) ciallaíonn ‘stoc-charnadh’ cainníocht amhábhair ar leith a stóráil lena húsáid amach anseo, lena n-áirítear in oirchill ganntanas a d’fhéadfadh a bheith ann.

Caibidil 2

Sásraí náisiúnta um scagadh

Airteagal 3

Sásraí um scagadh a bhunú

1. Déanfaidh gach Ballstát sásra um scagadh a bhunú i gcomhréir leis an Rialachán seo. Féadfaidh na Ballstáit, chun na críche sin, forálacha náisiúnta a ghlacadh atá comhlántach le forálacha an Rialacháin seo, nó atá níos sonraí ná iad, ar choinníoll nach mbainfidh na forálacha náisiúnta sin an bonn ó chuspóir an Rialacháin seo agus go bhfuil siad comhsheasmhach leis.

2. Tabharfaidh gach Ballstát fógra don Choimisiún faoi na bearta arna nglacadh de bhun mhír 1 faoin... [18 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Ina dhiaidh sin, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi aon leasú ar an sásra um scagadh laistigh de 30 lá ón leasú sin a ghlacadh.

Airteagal 4
Íoscheanglais

1. Beidh na rialacha agus na nósanna imeachta a bhaineann le scagadh trédhearcach agus ní dhéanfar idirdhealú leo idir tríú tíortha ná idir na Ballstáit.
2. I gcás infheistíochtaí choigríche a thagann faoi raon feidhme a sásra um scagadh agus atá faoi réir ceanglas comhdaithe, áiritheoidh na Ballstáit go soláthrófar nósanna imeachta agus acmhainní leordhóthanacha don údarás scagtha chun an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - (a) athbhreithniú tosaigh a dhéanamh ar infheistíocht choigríche laistigh de 45 lá féilire ón gcomhdú chun a chinneadh an bhfuil gá le grinn-imscrúdú chun a chinneadh an dócha go ndéanfaidh infheistíocht choigríche difear diúltach don tslándáil nó don ord poiblí; agus
 - (b) bunaithe ar thorthaí an athbhreithnithe tosaigh, grinn-imscrúdú a dhéanamh, i gcás inar gá, chun a chinneadh an dócha go ndéanfaidh an infheistíocht choigríche sin difear diúltach don tslándáil nó don ord poiblí;

3. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh a n-údaráis scagtha faireachán ar a sásra um scagadh agus ar a gcinntí maidir le scagadh agus áiritheoidh siad go gcomhlíonfar iad, go háirithe trí theacht timpeall orthu a shainaithe agus a chosc agus trí aghaidh a thabhairt air, agus go soláthrófar acmhainní leordhóthanacha dóibh chun na cúraimí sin a dhéanamh.
4. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar de chumhacht dá n-údaráis scagtha scagadh a dhéanamh ar infheistíochtaí coigríche a thagann faoi raon feidhme shásra um scagadh an Bhallstáit faoi seach agus nach bhfuil faoi réir ceanglas réamhúdaraithe agus cinneadh maidir le scagadh a ghlacadh ina leith ar a dtionscnamh féin ar feadh 15 mhí ar a laghad agus suas le 5 bliana ar a mhéad, tar éis na hinfeistíochta coigríche sin a thabhairt i gcrích i gcás ina bhfuil forais ag an údarás scagtha a mheas go bhféadfadh infheistíocht choigríche den sórt sin difear a dhéanamh don tslándáil nó don ord poiblí.
5. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar de chumhacht dá n-údaráis scagtha, ar feadh 24 mhí ar a laghad tar éis infheistíocht choigríche a thabhairt i gcrích, scagadh a dhéanamh ar an infheistíocht choigríche sin agus cinneadh maidir le scagadh a ghlacadh ina leith ar choinníoll go bhfuil sí faoi réir ceanglas réamhúdaraithe agus nár comhdaíodh í nó gur comhdaíodh í tar éis a thabhairt i gcrích.
6. Cosnófar faisnéis rúnda a chuirtear ar fáil do Bhallstát óstach chun críocha an scagtha. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfaidh a n-údaráis scagtha deis d'eintitis a chuireann faisnéis ar fáil an fhaisnéis a mheasann siad a bheith rúnda a léiriú.

7. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sé de cheart ag na páirtithe atá faoi réir an chinnidh maidir le scagadh leigheas breithiúnach éifeachtach a lorg in aghaidh an chinnidh sin maidir le scagadh.
8. Áiritheoidh gach Ballstát go gcuirfear tuarascáil bhliantúil ar fáil don phobal, agus go n-áireofar inti faisnéis faoi fhorbairtí reachtacha ábhartha sa Bhallstát sin agus sonraí comhiomlánaithe agus anaithnidithe ar na hinfheistíochtaí coigríche a ndearnadh scagadh orthu, lena n-áirítear toradh na gcinntí maidir le scagadh, náisiúntachtaí na bpáirtithe sna hinfheistíochtaí coigríche ar tugadh fógra ina leith don údarás scagtha nó tíortha bunaíochta na bpáirtithe sin de réir mar is infheidhme, agus na hearnálacha eacnamaíocha ina ndearnadh na hidirbhearta sin, cé is moite de shonraí nach féidir iad a anaithnidiú go hiomlán.
9. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh an t-iarratasóir a iarrann údarú infheistíocht choigríche atá faoi réir ceanglas réamhúdraithe dá dtagraítear i mír 15 a chomhdú leis an údarás scagtha agus go ndéanfar scagadh uirthi sula dtabharfar an infheistíocht choigríche i gcrích.
10. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh a n-údaráis scagtha, i gcás inarb infheidhme agus gan moill mhíchúí, an duine a rinne an comhdú a chur ar an eolas faoi iomláine an chomhdaithe sin.
11. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar de chumhacht dá n-údaráis scagtha pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha a fhorchur ar infheisteoirí coigríche a mhainníonn ceanglais an tsásra um scagadh a chomhlíonadh, lena n-áirítear mainneachtain an infheistíocht choigríche a chomhdú i gcás inar gá nó mainneachtain bearta maolaitheacha a chomhlíonadh.

12. Cuirfidh údarais scagtha na mBallstát agus an Coimisiún ar fáil go poiblí na sonraí teagmhála trína bhféadfaidh geallsealbhóirí faisnéis a bhaineann le hinfheistíochtaí coigríche a thíolacadh ar bhealach rúnda.
13. Déanfar foráil maidir le nósanna imeachta leordhóthanacha chun fógra a thabhairt faoi infheistíochtaí coigríche tríd an sásra comhair de bhun Airteagal 5.
14. Sula nglacfaidh an t-údarás scagtha cinneadh infheistíocht choigríche atá faoi réir bearta maolaitheacha a údarú nó infheistíocht choigríche a thoirmeasc nó a leachtú, tabharfaidh siad deis do na páirtithe atá faoi réir an chinnidh maidir le scagadh atá beartaithe a dtuairimí a chur in iúl go héifeachtach.
15. Áiritheoidh gach Ballstát go bhforchuirfear lena shásra um scagadh ceanglas réamhúdaraithe le haghaidh infheistíochtaí coigríche i gcás inar fíor an méid seo a leanas i dtaobh na sprioc-chuideachta de chuid an Aontais atá bunaithe ina chríoch:
 - (a) déanann sí na hítimí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821 a fhorbairt, a tháirgeadh nó a thráchtálú;
 - (b) déanann sí earraí nó teicneolaíocht a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 2009/43/CE a fhorbairt, a tháirgeadh nó a thráchtálú;
 - (c) déanann sí leathsheoltóir nó teicneolaíochtaí candamacha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I den Rialachán seo a tháirgeadh, déanann sí taighde orthu nó déanann sí iad a fhorbairt, nó déanann sí taighde ar theicneolaíochtaí intleachta saorga dá dtagraítear san Iarscríbhinn sin nó déanann sí iad a fhorbairt;

- (d) tá sí gníomhach in earnálacha an iompair, an fhuinnimh nó an bhonneagair dhigitigh agus meastar í a bheith criticiúil de bhun measúnú spriocdhírthe rioscabhunaithe lena gcuirtear san áireamh an tslándáil náisiúnta agus feidhmeanna sochaíocha ríthábhachtacha i bhfianaise na seirbhísí bunriachtanacha a sholáthraítear leis an sprioc-chuideachta sin de chuid an Aontais agus a dhéanann an Ballstát ina mbunaítear an sprioc-chuideachta sin de chuid an Aontais;
- (e) téann sí, a mhéid a bhaineann le haon amhábhair straitéiseach a liostaítear i Roinn I d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1252, i mbun gníomhaíochtaí taiscéalaíochta, eastósctha, próiseála, athchúrsála nó aisghabhála mar a shainmhínítear in Airteagal 2 den Rialachán sin, nó i mbun stoc-charnadh;
- (f) tá sí ar cheann de na heintitis seo a leanas:
- (i) contrapháirtí lárnach, eadhon 'CPL' mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³³;
 - (ii) taisclann lárnach urrús mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁴;
 - (iii) oibreoir margaí rialáilte, de réir bhrí Airteagal 4(1), pointe (18), agus Airteagal 4(1), pointe (21), de Threoir 2014/65/AE;

³³ Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála (IO L 201, 27.7.2012, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2012/648/oj>).

³⁴ Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoir 98/26/CE agus Treoir 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 (IO L 257, 28.8.2014, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2014/909/oj>).

- (iv) oibreoir córas íocaíochta, de réir bhrí Airteagal 2, pointe (a), de Threoir 98/26/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁵, agus arna ainmniú amhlaidh de bhun Airteagal 10(1) den Treoir sin, cé is moite de chórais íocaíochta arna n-oibriú ag bainc cheannais;
 - (v) aon institiúid eile a bhfuil tábhacht shistéamach léi de réir bhrí Airteagal 131(3) de Threoir 2013/36/AE;
 - (vi) soláthraí domhanda sainseirbhísí teachtaireachtaí airgeadais; nó
 - (g) tá úinéireacht aici ar bhunachair sonraí clárúcháin vótálaithe, ar chórais vótála agus ar chórais faisnéise eile atá ceaptha go sonrath chun oibríochtaí toghcháin a bhainistiú, amhail torthaí toghcháin a chomhaireamh, a iniúchadh agus a thaispeáint, agus tuairisciú iarthoghcháin chun torthaí a dheimhniú agus a bhailíochtú, nó déanann sí iad a fhorbairt nó a oibriú.
16. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh an sásra um scagadh a chur i bhfeidhm maidir le hinfheistíochtaí coigríche a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo seachas na hinfheistíochtaí sin dá dtagraítear i mír 15. I gcás ina gcinneann na Ballstáit an sásra um scagadh a chur i bhfeidhm maidir le hinfheistíochtaí coigríche den sórt sin, beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le scagadh na n-infheistíochtaí coigríche sin.
17. Níl feidhm ag mír 15 maidir le hinfheistíochtaí i láithreán úrnua.

³⁵ Treoir 98/26/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 1998 maidir le críochnaitheacht socraíochta i gcórais íocaíochta agus socraíochta urrús (IO L 166, 11.6.1998, lch. 45, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/1998/26/oj>).

Caibidil 3

An sásra comhair maidir le hinfheistíochtaí coigríche ar dócha go ndéanfaidh siad difear diúltach don tslándáil nó don ord poiblí

ROINN I

FÓGRA A THABHAIRT FAOI INFHEISTÍOCHTAÍ COIGRÍCHE

Airteagal 5

Fógra a thabhairt faoi infheistíochtaí coigríche

1. Tabharfaidh na Ballstáit fógra do na Ballstáit eile agus don Choimisiún tríd an sásra comhair faoi aon infheistíocht choigríche i sprioc-chuideachta de chuid an Aontais atá bunaithe ina gcríoch a bhfuil feidhm ag Airteagal 4(15) agus aon cheann de na critéir seo a leanas ina leith:
 - (a) tá an t-infheisteoir coigríche nó fochuideachta an infheisteora coigríche san Aontas faoi rialú díreach nó indíreach rialtais tríú tír, lena n-áirítear comhlachtaí stáit, údaráis réigiúnacha nó údaráis áitiúla nó fórsaí armtha, lena n-áirítear i bhfoirm struchtúr úinéireachta, cistiú suntasach, ceartha speisialta nó stiúrthóirí boird nó bainisteoirí arna gceapadh ag an stát;

- (b) tá an t-infheisteoir coigríche, duine nádúrtha nó eintiteas a bhfuil an t-infheisteoir coigríche faoina rialú, úinéir tairbhiúil an infheisteora coigríche, aon cheann d'fhochuideachtaí an infheisteora coigríche, nó aon pháirtí eile atá faoi úinéireacht nó faoi rialú an infheisteora coigríche sin, nó atá ag gníomhú thar cheann nó faoi stiúir an infheisteora sin, faoi réir bhearta sriantacha an Aontais de bhun Airteagal 29 CAE agus Airteagal 215 CFAE;
- (c) bhí an t-infheisteoir coigríche, duine nádúrtha nó eintiteas a bhfuil an t-infheisteoir coigríche faoina rialú, úinéir tairbhiúil an infheisteora coigríche, nó aon cheann d'fhochuideachtaí an infheisteora coigríche páirteach in infheistíocht choigríche a ndearna Ballstát scagadh uirthi roimhe sin agus nár údaráíodh nó a údaráíodh faoi réir bearta maolaitheacha, nár comhlíonadh, go suntasach nó arís agus arís eile; chun é sin a chinneadh, braithfidh an Ballstát a thugann fógra ar an bhfaisnéis atá ar fáil dó, lena n-áirítear an fhaisnéis atá sa bhunachar sonraí slán dá dtagraítear in Airteagal 18 agus ar fhaisnéis arna soláthar ag an infheisteoir coigríche maidir leis an ábhar sin.

2. Tabharfaidh na Ballstáit fógra do na Ballstáit eile agus don Choimisiún faoi aon infheistíocht choigríche i sprioc-chuideachta de chuid an Aontais ina gcríoch féin i gcás ina dtionscnaíonn siad grinn-imscrúdú faoi chuimsiú a nósanna imeachta um scagadh, i gcás ina gcomhlíontar ceachtar de na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) tá an sprioc-chuideachta de chuid an Aontais gníomhach i dtionscadal nó i glár atá chun leasa an Aontais, mar a liostaítear in Iarscríbhinn II;
 - (b) tá fochuideachta amháin nó níos mó ag an sprioc-chuideachta de chuid an Aontais i mBallstát amháin eile ar a laghad, nó tá sí mar chuid de ghrúpa ag a bhfuil fochuideachta amháin nó níos mó i mBallstát amháin eile ar a laghad.
3. Tabharfaidh na Ballstáit fógra do na Ballstáit eile agus don Choimisiún faoi aon infheistíocht choigríche ina gcríoch féin nuair, i gcásanna eisceachtúla, atá sé ar intinn acu beart maolaitheach a fhorchur nó an t-idirbheart a thoirmeasc nó a leachtú gan grinn-imscrúdú a dhéanamh. Beidh feidhm ag na coinníollacha a leagtar amach i mír 2, pointí (a) agus (b), maidir leis an mír seo freisin.
4. Ní thabharfar fógra de bhun mhír 2 nó mhír 3 faoi infheistíochtaí coigríche a dtugtar fógra fúthu de bhun mhír 1.

5. Tabharfaidh Ballstát óstach fógra do na Ballstáit eile agus don Choimisiún faoi aon infheistíocht choigríche a thagann faoi raon feidhme a shásra um scagadh ach nach gcumhdaítear le mír 1, 2 nó 3 den Airteagal seo, má mheasann sé go bhféadfadh an infheistíocht choigríche difear diúltach a dhéanamh don tslándáil nó don ord poiblí i mBallstát amháin eile ar a laghad, go háirithe i gcás ina bhfuil oibríochtaí suntasacha ag an sprioc-chuideachta de chuid an Aontais i mBallstáit eile, nó ina mbaineann sí le grúpa corparáideach ina bhfuil dhá eintiteas nó níos mó i mBallstáit éagsúla a chumhdaítear le hAirteagal 4(15), pointí (a) go (g). Beidh údar cuí le haon fhógra den sórt sin.

Airteagal 6

Inneachar agus nósanna imeachta maidir le fógra a thabhairt faoi infheistíochtaí coigríche

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh i bhfógra de bhun Airteagal 5 an fhaisnéis a leagtar amach in Airteagal 15(1) agus go seolfar chuig na Ballstáit eile agus chuig an gCoimisiún é:

- (a) laistigh de 15 lá féilire ón gcomhdú maidir le hinfeistíochtaí coigríche a chomhlíonann na critéir a leagtar amach in Airteagal 5(1);
- (b) laistigh de 45 lá féilire ón gcomhdú maidir le hinfeistíochtaí coigríche a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 5(2);
- (c) gan moill mhíchúí i gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 5(3);
- (d) gan moill mhíchúí tar éis an cinneadh a dhéanamh fógra a thabhairt faoi infheistíocht choigríche i gcomhréir le hAirteagal 5(5).

Airteagal 7

Rialacha sonracha is infheidhme maidir le hidirbhearta ilnáisiúnta

Gan dochar d'Airteagal 6, beidh feidhm ag na nósanna imeachta seo a leanas maidir le hidirbhearta ilnáisiúnta:

- (a) féachfaidh an duine a dhéanann an comhdú leis sin a dhéanamh i ngach Ballstát lena mbaineann an lá céanna, agus déanfar tagairt i ngach comhdú do na comhduithe eile;
- (b) i gcás ina bhfaigheann Ballstát comhdú a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach i bpointe (a) den Airteagal seo, pléifidh sé leis na Ballstáit eile lena mbaineann, inter alia, cé acu atá nó nach bhfuil na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 5 comhlíonta; arna iarraidh sin do Bhallstát, féadfaidh an Coimisiún páirt a ghlacadh i bplé den sórt sin;
- (c) má bhaineann an comhdú le hinfheistíocht choigríche a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 5(1), (2) nó (5), féachfaidh na Ballstáit lena mbaineann lena bhfógraí a sheoladh tríd an sásra comhair an lá céanna;
- (d) comhordóidh na Ballstáit lena mbaineann go dlúth le linn an phróisis agus, go háirithe, féachfaidh siad le huainiú a gcuid nósanna imeachta um scagadh faoi seach a ailíniú, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann lena gcinntí faoi seach a ghlacadh maidir le scagadh, agus, i gcás inarb iomchuí, pléifidh siad an bhfuil a gcinntí faoi seach maidir le scagadh comhoiriúnach lena chéile agus tabharfaidh siad aghaidh ar bhealach leordhóthanach ar na rioscaí sainaitheanta don tslándáil nó don ord poiblí.

ROINN II

BARÚLACHA Ó NA BALLSTÁIT AGUS TUAIRIMÍ ÓN GCOIMISIÚN

Airteagal 8

Barúlacha agus tuairimí maidir le hinfheistíochtaí choigríche ar tugadh fógra ina leith

1. Féadfaidh aon Bhallstát barúlacha lena bhfuil údar cuí a sholáthar don Bhallstát a thugann fógra más rud é:
 - (a) go measann sé gur dóchúil go ndéanfaidh an infheistíocht choigríche ar tugadh fógra ina leith difear diúltach dá shlándáil nó dá ord poiblí; nó
 - (b) go bhfuil faisnéis aige atá ábhartha maidir leis an scagadh ar an infheistíocht choigríche sin.

2. Déanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, tuairim lena bhfuil údar cuí a eisiúint a dhíreofar ar an mBallstát a thugann fógra más rud é:
 - (a) go measann sé gur dóchúil go ndéanfaidh an infheistíocht choigríche ar tugadh fógra ina leith difear diúltach do shlándáil nó d'ord poiblí de chuid níos nó ná aon Bhallstát amháin;
 - (b) go measann sé gur dóchúil go ndéanfaidh an infheistíocht choigríche ar tugadh fógra ina leith difear diúltach do thionscadal nó do chlár atá chun leasa an Aontais mar a liostaítear in Iarscríbhinn II, ar fhorais na slándála nó an oird phoiblí; nó

- (c) go bhfuil faisnéis bhreise aige atá ábhartha maidir leis an scagadh ar an infheistíocht choigríche sin.

Féadfaidh an Coimisiún tuairim a eisiúint gan beann ar cé acu a sholáthair nó nár sholáthair aon Bhallstát barúlacha.

3. I gcás ina measann an Ballstát a thugann fógra go cuí gur dóchúil go ndéanfaidh an infheistíocht choigríche ar tugadh fógra ina leith difear dá shlándáil nó dá ord poiblí, féadfaidh sé a iarraidh ar an gCoimisiún tuairim a eisiúint nó féadfaidh sé a iarraidh ar Bhallstáit eile barúlacha a sholáthar.
4. I gcás inarb iomchuí, féadfar bearta maolaitheacha a mholadh sa tuairim ón gCoimisiún.
5. Déanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, tuairim lena bhfuil údar cuí a eisiúint a dhíreofar ar na Ballstáit uile má mheasann sé go bhféadfadh dhá infheistíocht choigríche nó níos mó, bídis tugtha i gcrích nó ná bídis, i dteannta a chéile agus ag féachaint dá saintréithe, tionchar diúltach a imirt ar an tslándáil nó ar an ord poiblí. Tar éis dó a thuairim a eisiúint, déanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, plé leis na Ballstáit maidir le conas aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sainaitheanta.

Airteagal 9

An intinn chun barúlacha a sholáthar nó tuairim a eisiúint

Sula soláthraíonn Ballstát barúlacha nó sula n-eisíonn an Coimisiún tuairim de bhun Airteagal 8, beidh feidhm ag an nós imeachta seo a leanas:

- (a) cuirfidh an Ballstát sin an Ballstát a thugann fógra ar an eolas, tráth nach déanaí ná 15 lá féilire ó fhógra a fháil de bhun Airteagal 5, go bhfuil sé ar intinn acu barúlacha a sholáthar;

- (b) cuirfidh an Coimisiún an Ballstát a thugann fógra ar an eolas, tráth nach déanaí ná 20 lá féilire ó fhógra a fháil de bhun Airteagal 5, go bhfuil sé ar intinn aige tuairim a eisiúint.

Airteagal 10

Fáisnéis bhreise

1. Agus an Ballstát a thugann fógra á chur ar an eolas go bhfuil sé ar intinn acu barúlacha a sholáthar nó tuairim a eisiúint, féadfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún faisnéis a iarraidh ar an mBallstát a thugann fógra i dteannta na faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 15(1).
2. Féadfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún faisnéis bhreise a iarraidh, i gcás ina bhfuil an fhaisnéis sin riachtanach chun freagra a thabhairt ar iarraidh ar thuairim nó ar bharúil arna soláthar ag an mBallstát a thugann fógra de bhun Airteagal 8(3).
3. Is mar seo a leanas a bheidh aon iarraidh ar fhaisnéis bhreise:
 - (a) beidh údar cuí ag gabháil léi;
 - (b) beidh sí teoranta don fhaisnéis atá riachtanach chun go soláthraí na Ballstáit barúlacha de bhun Airteagal 8(1) nó mar fhreagairt ar iarraidh de bhun Airteagal 8(3), nó chun go n-eisí an Coimisiún tuairim de bhun Airteagal 8(2) nó (5) nó mar fhreagairt ar iarraidh de bhun Airteagal 8(3);

- (c) beidh sí comhréireach le cuspóir na hiarrata; agus
 - (d) ní chuirfidh sí ualach míchuí ar an mBallstát a thugann fógra.
4. I gcás ina n-iarrann Ballstát faisnéis bhreise ar an mBallstát a thugann fógra, seolfaidh sé iarrataí den sórt sin chuig an gCoimisiún go comhuaineach.
 5. Soláthróidh an Ballstát a thugann fógra an fhaisnéis bhreise, arna iarraidh ag an gCoimisiún nó ag na Ballstáit eile de bhun mhír 1 nó 2 gan moill mhíchuí. I gcás ina soláthraíonn an Ballstát a thugann fógra faisnéis bhreise do Bhallstát eile, seolfar an fhaisnéis bhreise sin chuig an gCoimisiún go comhuaineach.
 6. I gcás ina bhfaigheann an Ballstát a thugann fógra dhá iarraidh nó níos mó ar fhaisnéis bhreise faoin infheistíocht choigríche chéanna ar tugadh fógra ina leith, féachfaidh sé leis an bhfaisnéis bhreise uile a iarradh a sholáthar go comhuaineach.
 7. I gcás ina bhfaigheann dhá Bhallstát nó níos mó a thugann fógra iarrataí ar fhaisnéis bhreise faoi fhógra ilnáisiúnta, féachfaidh siad leis an bhfaisnéis uile a iarradh a sholáthar go comhuaineach.

Airteagal 11

Barúlacha a sholáthar agus tuairimí a eisiúint

1. Déanfaidh an Ballstát a sholáthraíonn barúlacha na barúlacha sin a sheoladh chuig an gCoimisiún go comhuaineach agus déanfaidh sé na Ballstáit eile uile a chur ar an eolas gur soláthraíodh barúlacha.
2. Déanfaidh an Coimisiún:
 - (a) na tuairimí dá dtagraítear in Airteagal 8(2), pointí (a) agus (c), a sheoladh chuig na Ballstáit uile a sholáthair barúlacha agus tabharfaidh sé fógra do na Ballstáit eile gur eisíodh tuairim;
 - (b) na tuairimí dá dtagraítear in Airteagal 8(2), pointe (b), agus in Airteagal 8(5) a sheoladh chuig na Ballstáit uile.
3. Beidh feidhm ag na sprioc-amanna seo a leanas maidir le barúlacha a sholáthraíonn na Ballstáit agus maidir le tuairimí a eisiúint:
 - (a) i gcás ina gcuireann Ballstát in iúl go bhfuil sé ar intinn aige barúlacha a sholáthar maidir le hinfheistíocht choigríche ar tugadh fógra ina leith gan faisnéis bhreise a iarraidh ón mBallstát a thugann fógra, soláthrófar na barúlacha sin don Bhallstát a thugann fógra laistigh de thréimhse ama réasúnach, agus in aon chás tráth nach déanaí ná 20 lá féilire ón bhfógra faoin infheistíocht choigríche a fháil;

- (b) i gcás ina gcuireann an Coimisiún in iúl go bhfuil sé ar intinn aige tuairim a eisiúint maidir le hinfheistíocht choigríche ar tugadh fógra ina leith gan faisnéis bhreise a iarraidh ar an mBallstát a thugann fógra, eiseofar an tuairim sin don Bhallstát a thugann fógra laistigh de thréimhse ama réasúnach, agus in aon chás tráth nach déanaí ná 30 lá féilire ón bhfógra faoin infheistíocht choigríche a fháil;
- (c) i gcás ina gcuireann Ballstát in iúl go bhfuil sé ar intinn aige barúlacha a sholáthar maidir le hinfheistíocht choigríche ar tugadh fógra ina leith agus i gcás ina n-iarann sé faisnéis bhreise ón mBallstát a thugann fógra, soláthrófar na barúlacha sin don Bhallstát a thugann fógra laistigh de thréimhse ama réasúnach, agus in aon chás tráth nach déanaí ná 15 lá féilire ón bhfaisnéis bhreise a fháil;
- (d) i gcás ina gcuireann an Coimisiún in iúl go bhfuil sé ar intinn aige tuairim a eisiúint maidir le hinfheistíocht choigríche ar tugadh fógra ina leith agus i gcás ina n-iarann sé faisnéis bhreise ón mBallstát a thugann fógra, eiseofar an tuairim sin don Bhallstát a thugann fógra laistigh de thréimhse ama réasúnach, agus in aon chás tráth nach déanaí ná 25 lá féilire ón bhfaisnéis bhreise a fháil.

4. Cuirfidh an Ballstát a thugann fógra in iúl do na Ballstáit eile agus don Choimisiún faoi aon fhaisnéis shuntasach nua nó aon imthosca suntasacha nua atá ábhartha maidir le measúnú a dhéanamh ar infheistíocht choigríche ar tugadh fógra ina leith cheana de bhun Airteagal 5. Má chuirtear an fhaisnéis sin nó na himthosca sin in iúl roimh an sprioc-am lena mbaineann a leagtar amach i mír 3 den Airteagal seo, féadfaidh an Ballstát a thugann fógra, ar iarraidh réasúnaithe ó Bhallstát eile nó ón gCoimisiún, na sprioc-amanna ábhartha a fhadú suas le 20 lá féilire. Ní fhéadfar na sprioc-amanna a fhadú ach aon uair amháin. Cuirfidh an Ballstát a thugann fógra in iúl do na Ballstáit eile, don Choimisiún agus don infheisteoir coigríche a rinne an comhdú go ndearnadh an sprioc-am a fhadú.
5. Ní ghlacfaidh an Ballstát a thugann fógra a chinneadh maidir le scagadh ach amháin tar éis don sprioc-am ábhartha a leagtar amach i mír 3, pointí (a) go (d), a bheith imithe in éag.
6. I gcás, de bharr imthosca eisceachtúla, ina measann an Ballstát a thugann fógra gur gá, ar mhaithe lena shlándáil nó lena ord poiblí, cinneadh maidir le scagadh a ghlacadh roimh dhul in éag na sprioc-amanna ábhartha a leagtar amach i mír 3, tabharfaidh sé fógra do na Ballstáit eile agus don Choimisiún faoin intinn atá aige ina thaobh sin agus tabharfaidh sé údar cuí leis an ngá atá le gníomhaíocht láithreach. Déanfaidh na Ballstáit eile agus an Coimisiún barúlacha a sholáthar nó tuairim a eisiúint go gasta. Ní dhéanfar an nós imeachta sin a agairt chun freastal ar leasanna an iarratasóra a bhfuil an t-údarú á iarraidh aige ar de chineál tráchtála amháin iad.

7. Agus barúlacha á soláthar nó tuairim á heisiúint de bhun an Airteagail seo, breithneoidh na Ballstáit nó an Coimisiún, de réir mar is infheidhme, ar cheart na barúlacha sin nó an tuairim sin a bheith faoi chosaint mar fhaisnéis rúnaicmithe agus cén leibhéal aicmiúcháin ba cheart a bheith i bhfeidhm ina dtaobh, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta is infheidhme maidir le faisnéis rúnaicmithe.

Airteagal 12

Aird a thabhairt ar bharúlacha agus tuairimí

1. I gcás ina bhfaigheann Ballstát a thugann fógra barúil ó Bhallstát eile de bhun Airteagal 8(1) nó tuairim ón gCoimisiún de bhun Airteagal 8(2) nó (5), tabharfaidh sé aird chuí ar an mbarúil nó ar an tuairim sin.
2. Tar éis barúlacha nó tuairim a fháil, agus arna iarraidh sin do Bhallstát a sholáthair barúlacha nó don Choimisiún, i gcás inar eisigh an Coimisiún tuairim, eagróidh an Ballstát a thugann fógra cruinniú chun plé a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a saináithníodh.

Eagrófar an cruinniú dá dtagraítear sa chéad fhomhír leis na páirtithe seo a leanas:

- (a) na Ballstáit a sholáthair barúlacha agus an Coimisiún; nó
- (b) an Coimisiún, i gcás nár soláthraíodh aon bharúlacha.

I gcás ina mbaineann na barúlacha nó an tuairim le hidirbheart ilnáisiúnta, tabharfaidh an Ballstát a thugann fógra cuireadh chuig an gcrúinniú dá dtagraítear sa chéad fhomhír do na Ballstáit eile a thug fógra faoin infheistíocht choigríche.

3. Is é an Ballstát atá i mbun an scagtha a ghlacfaidh an cinneadh maidir leis an scagadh.
4. Tar éis barúlacha a fháil de bhun Airteagal 8(1) nó tuairim a fháil de bhun Airteagal 8(2) nó (5), tabharfaidh an Ballstát a thugann fógra fógra do na Ballstáit lena mbaineann agus don Choimisiún, tráth nach déanaí ná 7 lá féilire ó dháta theacht i bhfeidhm an chinnidh maidir le scagadh, faoin gcuid oibríochtúil dá chinneadh maidir le scagadh chomh maith le hachóimre ar na príomhchúiseanna is bun leis sin i bhfianaise na mbarúlacha a soláthraíodh nó na tuairime a eisíodh, lena n-áirítear:
 - (a) a mhéid is a thug sé aird chuí ar bharúlacha na mBallstát nó ar thuairim an Choimisiúin; agus
 - (b) i gcás inarb infheidhme, an chúis nár aontaigh sé le barúlacha na mBallstát nó le tuairim an Choimisiúin.

Airteagal 13

Barúlacha agus tuairimí maidir le hinfheistíochtaí choigríche nár tugadh fógra ina leith

1. Féadfaidh aon Bhallstát barúlacha lena bhfuil údar cuí a sholáthar do Bhallstát óstach maidir le hinfheistíocht choigríche nár tugadh fógra ina leith tríd an sásra comhair, i gcás inar fíor an méid seo a leanas maidir leis an mBallstát a sholáthraíonn na barúlacha sin:
 - (a) measann sé gur dóchúil go ndéanfaidh an infheistíocht choigríche sin difear diúltach dá shlándáil nó dá ord poiblí; nó
 - (b) tá faisnéis aige atá ábhartha maidir leis an scagadh ar an infheistíocht choigríche sin.

Déanfaidh an Ballstát a sholáthraíonn barúlacha na barúlacha sin a sheoladh chuig an gCoimisiún go comhuaineach agus cuirfidh sé na Ballstáit eile uile ar an eolas gur soláthraíodh barúlacha.

2. Féadfaidh an Coimisiún tuairim a bhfuil údar cuí léi a eisiúint do Bhallstát óstach maidir le hinfheistíocht choigríche nár tugadh fógra ina leith tríd an sásra comhair, i gcás inar fíor an méid seo a leanas maidir leis an gCoimisiún:
 - (a) measann sé gur dóchúil go ndéanfaidh an infheistíocht choigríche sin difear diúltach do shlándáil nó d'ord poiblí i níos nó ná Ballstáit amháin; nó

- (b) measann sé gur dóchúil go ndéanfaidh an infheistíocht choigríche sin difear diúltach do thionscadail nó do chláir atá chun leasa an Aontais, mar a liostaítear in Iarscríbhinn II, ar fhorais na slándála nó an oird phoiblí; nó
- (c) tá faisnéis aige atá ábhartha don scagadh ar an infheistíocht choigríche sin.

3. Déanfaidh an Coimisiún:

- (a) tuairimí a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i mír 2, pointí (a) agus (c), a sheoladh chuig na Ballstáit uile a sholáthair barúlacha agus fógra a thabhairt do na Ballstáit eile á chur in iúl gur eisíodh tuairim;
- (b) tuairimí a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i mír 2, pointe (b), a sheoladh chuig na Ballstáit uile.

4. Seiceálfaidh na Ballstáit, sula soláthróidh siad barúlacha, agus seiceálfaidh an Coimisiún, sula n-eiseoidh sé tuairim, cé acu a chuir nó nár chuir an Ballstát óstach tús leis an scagadh cheana féin ar an infheistíocht choigríche nó cé acu a chuir nó nár chuir sé an scagadh sin i gcrích cheana féin agus cé acu atá nó nach bhfuil sé ar intinn aige fógra a thabhairt faoin infheistíocht choigríche tríd an sásra comhair de bhun Airteagal 5.

5. Sula soláthróidh siad barúlacha nó sula n-eiseoidh siad tuairim maidir le hinfheistíocht choigríche de bhun mhír 1, pointe (a), agus mhír 2, pointe (a) nó (b), seolfaidh na Ballstáit nó an Coimisiún iarraidh ar fhaisnéis chuig an mBallstát óstach.
6. Maidir le haon iarraidh ar fhaisnéis de bhun mhír 5:
 - (a) beidh údar cuí ag gabháil léi;
 - (b) beidh sí teoranta don fhaisnéis atá riachtanach chun go soláthraí Ballstát barúlacha nó chun go n-eisí an Coimisiún tuairim;
 - (c) beidh sí comhréireach le cuspóir na hiarrata; agus
 - (d) ní chuirfidh sí ualach míchuí ar an mBallstát óstach.

I gcás ina dtíolacann Ballstát an iarraidh ar fhaisnéis, seolfaidh an Ballstát sin an iarraidh chuig an gCoimisiún go comhuaineach.

7. Soláthróidh an Ballstát óstach an fhaisnéis arna hiarraidh ag na Ballstáit eile nó ag an gCoimisiún de bhun mhír 5 gan moill mhíchuí. I gcás ina soláthraíonn an Ballstát óstach faisnéis do Bhallstát eile, seolfaidh an Ballstát óstach an fhaisnéis sin chuig an gCoimisiún go comhuaineach.

8. Déanfar barúlacha arna soláthar de bhun mhír 1, pointe (a), agus tuairimí arna n-eisiúint de bhun mhír 2, pointe (a) nó (b), a sheoladh chuig an mBallstát óstach laistigh de thréimhse ama réasúnach, agus in aon chás tráth nach déanaí ná 20 lá féilire ón bhfaisnéis a fháil de bhun mhír 7.

I gcás inar sholáthair Ballstát barúlacha de bhun mhír 1, pointe (a), déanfar sprioc-am an Choimisiúin, mar a leagtar amach sa chéad fhomhír den mhír seo, chun a thuairim a eisiúint a fhadú 10 lá féilire breise.

9. Tabharfaidh an Ballstát óstach aird chuí ar bharúlacha na mBallstát eile agus ar thuairim an Choimisiúin. Mura bhfuil sé ar intinn ag an mBallstát óstach, ar bhonn bharúlacha na mBallstát eile agus thuairim an Choimisiúin, scagadh a dhéanamh ar an infheistíocht choigríche, cuirfidh sé an méid sin in iúl do na Ballstáit a sholáthair barúlacha agus don Choimisiún.
10. Más rud é, tar éis na faisnéise dá dtagraítear i mír 9, go n-iarrann Ballstát a sholáthair barúlacha amhlaidh, eagróidh an Ballstát óstach cruinniú leis na Ballstáit a sholáthair barúlacha agus leis an gCoimisiún nó, má iarrann an Coimisiún amhlaidh, eagróidh sé cruinniú leis an gCoimisiún amháin i gcás nár eisigh ach an Coimisiún tuairim.

11. I gcás ina gcinneann an Ballstát óstach, tar éis cruinniú dá dtagraítear i mír 10, gan scagadh a dhéanamh ar an infheistíocht choigríche, cuirfidh sé na Ballstáit a sholáthair barúlacha agus an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin agus tabharfaidh sé míniú i scríbhinn dóibh maidir leis an méid seo a leanas:
- (a) na cúiseanna gan scagadh a dhéanamh ar an infheistíocht choigríche, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, na cúiseanna nár aontaigh sé leis na barúlacha a soláthraíodh nó leis an tuairim a eisíodh; agus
 - (b) i gcás inarb infheidhme, aon bheart malartach atá beartaithe aige a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a sainaitníodh sna barúlacha nó sa tuairim.
12. Gan dochar d'Airteagal 5(1), (2) agus (3), i gcás ina gcinneann an Ballstát óstach scagadh a dhéanamh ar an infheistíocht choigríche, tabharfaidh sé fógra faoin infheistíocht choigríche i gcomhréir le hAirteagal 5(5).
13. Féadfaidh na Ballstáit barúlacha a sholáthar de bhun mhír 1 agus féadfaidh an Coimisiún tuairim a eisiúint de bhun mhír 2 tráth nach déanaí ná 15 mhí ón infheistíocht choigríche a thabhairt i gcrích.

ROINN III
CEANGLAIS CHUN COMHAR ÉIFEACHTACH A ÁIRITHIÚ

Airteagal 14
Ceanglais ghinearálta

1. Soláthróidh na Ballstáit agus an Coimisiún na hacmhainní agus na modhanna dlíthiúla agus riaracháin is gá chun cuspóir an Rialacháin seo a chomhlíonadh go héifeachtúil agus go héifeachtach, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann lena rannpháirtíocht sa sásra comhair.
2. Ainmneoidh gach Ballstát agus an Coimisiún pointe teagmhála chun críocha an tsásra comhair.
3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh siad in ann, mar thoradh ar na sprioc-amanna agus na nósanna imeachta a leagtar amach ina gcuid sásraí um scagadh, freagraí a sholáthar ar iarrataí ar fhaisnéis bhreise ó Bhallstáit eile nó ón gCoimisiún.
4. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar am leordhóthanach agus acmhainní leordhóthanacha lena gcuid sásraí um scagadh chun measúnú a dhéanamh agus air chúí a thabhairt ar bharúlacha na mBallstát eile agus ar thuairimí an Choimisiúin sula nglactar cinneadh maidir le scagadh. Áirítear leis sin na modhanna agus na cumhachtaí dlíthiúla is gá a bheith ar fáil dóibh, in aon ionstraim ábhartha, lena n-áirítear a gcuid sásraí um scagadh, chun ábhair inní arna gcur in iúl nó éifeachtaí dóchúla arna sainaitheint ag Ballstát eile nó ag an gCoimisiún a bhreithniú.

5. Tabharfar de chumhacht do na húdaráis scagtha infheistíochtaí coigríche a thagann faoi raon feidhme a sásraí um scagadh a imscrúdú, a mheasúnú, a chinneadh agus faireachán a dhéanamh orthu, ar infheistíochtaí iad a thugtar ar aird dóibh de bhun Airteagal 13(1) nó Airteagal 13(2).
6. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na modhanna agus na cumhachtaí dlíthiúla is gá acu chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach laistigh dá gcríoch féin ar na hiarmhairtí a bhaineann le neamhchomhlíonadh na mbeart maolaitheach dá bhforáiltear ina gcinntí maidir le scagadh. Sa chás ina gceanglaítear le bearta maolaitheacha i gcinneadh maidir le scagadh go gcomhlíonfadh gnóthais atá bunaithe i mBallstáit eile iad, féachfaidh an Ballstát a ghlac an cinneadh sin maidir le scagadh agus na Ballstáit ábhartha eile le hoibriú i gcomhar lena chéile chun faireachán a dhéanamh ar an gcinneadh maidir le scagadh agus chun é a fhorfheidhmiú, i gcomhréir lena ndlíthe náisiúnta.
7. Más rud é, tar éis cinneadh maidir le scagadh a ghlacadh i ndáil le hinfeistíocht choigríche a bhí faoi réir an tsásra comhair, go bhforchuireann Ballstát óstach pionóis i gcomhréir le hAirteagal 4(11), tabharfaidh sé, i gcás inarb iomchuí, fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit a sholáthair barúlacha maidir leis an infheistíocht choigríche sin laistigh de thréimhse ama réasúnach.

Airteagal 15
Ceanglais faisnéise

1. Áiritheoidh na Ballstáit go n-áireofar an méid seo a leanas san fhaisnéis a sholáthraítear san fhógra dá dtagraítear in Airteagal 5 nó de bhun Airteagal 13(7):
 - (a) an t-ainm, scríofa, más féidir, in aibítir na Laidine agus sna carachtair bhunaidh araon i gcás inarb infheidhme, agus seoladh, seoladh suímh idirlín agus gníomhaíochtaí an infheisteora coigríche, agus, i gcás inarb infheidhme, an t-ainm, scríofa, más féidir, in aibítir na Laidine agus sna carachtair bhunaidh araon i gcás inarb infheidhme, agus seoladh agus seoladh suímh idirlín úinéir tairbhiúil an infheisteora coigríche;
 - (b) struchtúr úinéireachta an infheisteora coigríche agus, i gcás inarb infheidhme, struchtúr úinéireachta an ghrúpa chorparáidigh ar cuid de an t-infheisteoir coigríche;
 - (c) tuairisc chuimsitheach ar an infheistíocht choigríche, a garluach, a cistiú agus a foinse, ar bhonn na faisnéise is fearr atá ar fáil don Bhallstát, agus an dáta faoina bhfuil sé beartaithe an infheistíocht choigríche a thabhairt i gcrích nó faoina bhfuil sí tugtha i gcrích;
 - (d) ainm agus seoladh na sprioc-chuideachta de chuid an Aontais, a gníomhaíochtaí agus a soláthraithe malartacha, úinéir tairbhiúil na sprioc-chuideachta de chuid an Aontais, struchtúr úinéireachta na sprioc-chuideachta de chuid an Aontais roimh an infheistíocht choigríche agus ina diaidh, agus, i gcás inarb infheidhme, struchtúr úinéireachta an ghrúpa chorparáidigh ar cuid de an sprioc-chuideachta de chuid an Aontais, roimh an infheistíocht choigríche agus ina diaidh;

- (e) i gcás inarb infheidhme, faisnéis faoi na heintitis dhlítheanacha eile den ghrúpa corparáideach céanna leis an sprioc-chuideachta de chuid an Aontais atá lonnaithe i mBallstáit eile agus faoi oibríochtaí gnó ábhartha a dhéanann an sprioc-chuideachta de chuid an Aontais i mBallstáit eile;
 - (f) i gcás inarb infheidhme, mionsonraí maidir le rannpháirtíocht na sprioc-chuideachta de chuid an Aontais i dtionscadail nó i gcláir atá chun leasa an Aontais, mar a liostaítear in Iarscríbhinn II;
 - (g) cé acu a dámhadh nó nár dámhadh deontas amháin ar a laghad ón Aontas dar luach EUR 750 000 nó níos mó don sprioc-chuideachta de chuid an Aontais laistigh de na 5 bliana roimhe sin;
 - (h) i gcás inarb infheidhme, cé acu de na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 5 atá comhlíonta.
2. Faoin ... [18 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], bunóidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, an fhoirm atá le húsáid chun an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a sholáthar, agus tabharfaidh sé an fhoirm sin cothrom le dáta ina dhiaidh sin de réir mar is gá. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 29(2).
3. Féadfaidh an Ballstát óstach a iarraidh ar an infheisteoir coigríche nó ar aon duine nádúrtha nó dlítheanach eile laistigh de shlabhra rialaithe an infheisteora coigríche nó laistigh de shlabhra rialaithe na sprioc-chuideachta de chuid an Aontais an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus in Airteagal 10(1) agus (2) a sholáthar. Cuirfear an fhaisnéis a iarradh ar fáil don Bhallstát óstach laistigh de 15 lá féilire ón iarraidh a fháil. Féadfaidh an Ballstát óstach an sprioc-am sin a fhadú de réir mar a mheasann sé a bheith iomchuí i bhfianaise chastacht nó chainníocht na faisnéise a iarradh.

4. Tabharfaidh Ballstát fógra do na Ballstáit eile lena mbaineann agus don Choimisiún más rud é, in imthosca eisceachtúla, nach bhfuil sé in ann, in ainneoin a dhíchill, an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar agus léireoidh sé cineál na n-imthosca sin.
5. Mura soláthraítear faisnéis ar bith nó má sholáthraítear faisnéis neamhiomlán, féadfaidh barúlacha arna soláthar ag na Ballstáit, nó an tuairim arna heisiúint ag an gCoimisiún, a bheith bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil dóibh.
6. I gcás ina dtagann an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 3 ó dhuine nádúrtha nó dlítheanach, déanfaidh an Ballstát a fhaigheann an fhaisnéis, i gcás ina bhfuil forais réasúnacha aige le bheith in amhras faoi iomláine agus cruinneas na faisnéise sin, bearta réasúnacha chun a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis iomlán agus cruinn sula soláthróidh sé í do na Ballstáit eile agus don Choimisiún.

Airteagal 16

Cúnamh bailithe faisnéise

1. Féadfaidh an Ballstát óstach agus an Coimisiún a iarraidh ar Bhallstát eile faisnéis a bhailiú ó dhuine nádúrtha atá ina chónaí nó ina cónaí nó ó dhuine dlítheanach atá bunaithe ar a chríoch, ar an gcoinníoll gur dóchúil go mbeidh an fhaisnéis i gceist ag an duine nádúrtha nó dlítheanach lena mbaineann. Féachfaidh an Ballstát a fhaigheann an iarraidh ar fhaisnéis leis an bhfaisnéis sin a bhailiú agus a sholáthar gan mhoill don Bhallstát óstach agus don Choimisiún araon.

2. Féadfaidh an Ballstát óstach a iarraidh ar an gCoimisiún faisnéis a bhailiú ó dhuine nádúrtha atá ina chónaí nó ina cónaí nó duine dlítheanach atá bunaithe ar chríoch Ballstáit eile, ar an gcoinníoll gur dóchúil go mbeidh an fhaisnéis i gceist ag an duine nádúrtha nó dlítheanach lena mbaineann. Ar an gcoinníoll gur chuir an Coimisiún an Ballstát a bhfuil cónaí ar an duine nádúrtha ar a chríoch nó ina bhfuil an duine dlítheanach bunaithe ar an eolas agus nach ndéanann sé, laistigh de thréimhse ama réasúnach, agóid nó tairiscint an fhaisnéis sin a sholáthar é féin, féachfaidh an Coimisiún leis an bhfaisnéis sin a bhailiú agus a sholáthar gan mhoill don Bhallstát óstach agus don Bhallstát eile araon.
3. Beidh an fhaisnéis a iarrtar de bhun mhír 1 nó 2 den Airteagal seo ábhartha agus fíor-riachtanach chun measúnú a dhéanamh ar infheistíocht choigríche de bhun Airteagal 19 agus beidh údar cuí leis an iarraidh ar an gcúnamh chun faisnéis a bhailiú de bhun mhír 1 nó 2 den Airteagal seo.
4. I gcás ina n-iarrann an Coimisiún faisnéis ar dhuine nádúrtha nó dlítheanach de bhun mhír 2, déanfar, san iarraidh ón gCoimisiún:
 - (a) bunús dlí agus cuspóir na hiarrata a lua;
 - (b) an t-údarás náisiúnta atá curtha ar an eolas ag an gCoimisiún a lua;
 - (c) an fhaisnéis arna hiarraidh a shonrú; agus
 - (d) teorainn ama iomchuí a leagan amach chun an fhaisnéis arna hiarraidh a sholáthar.

5. I gcás, mar thoradh ar chur i bhfeidhm an Airteagail seo, ina bhfaigheann duine nádúrtha nó dlítheanach faisnéis rúnda ó Bhallstát nó ón gCoimisiún, ní úsáidfidh an duine sin an fhaisnéis sin chun aon chríche eile seachas chun freagra a thabhairt ar an iarraidh ar fhaisnéis agus ní nochtfaidh an duine sin í.
6. Beidh feidhm mutatis mutandis ag Airteagal 15(4) agus (6).

Airteagal 17

Rúndacht na malartuithe faisnéise sa sásra comhair

1. Ní úsáidfear faisnéis a fhaightear mar thoradh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo ach amháin chun na críche ar soláthraíodh í, mura n-aontaíonn tionscnóir na faisnéise go sainráite le húsáid eile.
2. Áiritheoidh na Ballstáit agus an Coimisiún rúndacht na faisnéise a sholáthraíonn nó a fhaigheann siad de thoradh an Rialachán seo a chur i bhfeidhm, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta. Agus iad ag láimhseáil iarrataí ar rochtain ar dhoiciméid arna soláthar nó arna bhfáil de thoradh an Rialachán seo a chur i bhfeidhm, staoifaidh na Ballstáit agus an Coimisiún ó aon fhaisnéis a nochtadh a bhainfeadh an bonn de chuspóir na n-imscrúduithe arna seoladh de bhun an Rialacháin seo.
3. Áiritheoidh na Ballstáit agus an Coimisiún nach ndéanfar an fhaisnéis rúnaicmithe a sholáthraítear nó a mhalartaítear faoin Rialachán seo a íosghrádú nó a scaoileadh ón rúnaicmiú gan toiliú i scríbhinn roimh ré ón tionscnóir.

Airteagal 18

Córas slán criptithe, tairseach AE ar líne agus bunachar sonraí slán

1. Faoin ... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún córas slán criptithe a bhunú agus a choinneáil ar bun ina dhiaidh sin chun malartú faisnéise idir na pointí teagmhála a éascú. Déanfar gach cumarsáid shubstainteach idir na Ballstáit, agus idir na Ballstáit agus an Coimisiún faoin Rialachán seo, a tharchur tríd an gcóras slán criptithe sin, mura rud é go n-éilíonn cineál na faisnéise modhanna eile, amhail doiciméid fhisiciúla.
2. Mar chuid den chóras slán criptithe, agus arna iarraidh sin do naoi mBallstát ar a laghad, bunóidh an Coimisiún tairseach AE ar líne chun infheistíochtaí coigríche a chomhdú go leictreonach le húdaráis scagtha agus le haghaidh cumarsáid idir daoine nádúrtha nó dlítheanacha a dhéanann comhdú agus na húdaráis sin ('tairseach AE ar líne'). Beidh tairseach AE ar líne oibríochtúil tráth nach déanaí ná 12 mhí ó dháta na hiarrata sin.
3. Úsáidfeadh tairseach AE ar líne i mBallstáit a d'iarr go mbunófaí í de bhun mhír 2. Úsáidfeadh freisin í i mBallstáit a iarrann amhlaidh, tar éis bhunú thairseach AE ar líne. Ní úsáidfeadh tairseach AE ar líne a thuilleadh i mBallstát ar leith i gcás ina n-iarrann sé amhlaidh. Foilseoidh an Coimisiún liosta de na Ballstáit a úsáideann tairseach AE ar líne agus coinneoidh sé cothrom le dáta é.

4. Ní dhéanfar comhduithe infheistíochtaí coigríche sna Ballstáit ina n-úsáidtear tairseach AE ar líne ach amháin trí fhoirm ar líne atá ar fáil ar thairseach AE ar líne. Áireofar san fhoirm sin an fhaisnéis is gá faoi Airteagal 15(1).
5. Faoi 12 mhí ón iarraidh dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, leagfaidh an Coimisiún amach, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na socrúithe maidir le feidhmiú thairseach AE ar líne agus tabharfaidh sé na socrúithe sin cothrom le dáta ina dhiaidh sin de réir mar is gá. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 29(2).
6. Faoi ... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], bunóidh an Coimisiún bunachar sonraí slán a bheidh ar fáil do na Ballstáit uile ina bhfuil faisnéis faoi na hinfeistíochtaí coigríche ar tugadh fógra ina leith tríd an sásra comhair agus toradh na measúnuithe ar na hinfeistíochtaí coigríche sin faoi na sásraí um scagadh.
7. Tar éis dóibh an nós imeachta náisiúnta a thabhairt i gcrích, déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis seo a leanas a uaslódáil chuig an mbunachar sonraí slán:
 - (a) ainm, seoladh nó oifig chláráithe agus, i gcás inarb infheidhme, clárúimhir náisiúnta an infheisteora coigríche agus, i gcás inarb infheidhme, na sonraí sin maidir le fochuideachta an infheisteora coigríche san Aontas;

- (b) ainm, oifig chláraithe agus cláruimhir náisiúnta na sprioc-chuideachta de chuid an Aontais;
- (c) ainm, oifig chláraithe agus cláruimhir náisiúnta na gcuideachtaí atá cleamhnaithe leis an sprioc-chuideachta de chuid an Aontais;
- (d) toradh an nós imeachta náisiúnta faoi na catagóirí seo a leanas:
 - (i) nach bhfuil faoi réir sásra náisiúnta um scagadh (neamh-incháilithe);
 - (ii) údarú;
 - (iii) údarú faoi réir bearta maolaitheacha;
 - (iv) toirmeasc;
 - (v) comhdú arna tharraingt siar;
 - (vi) eile;
- (e) na Ballstáit a sholáthair barúlacha agus cé acu a d'eisigh nó nár eisigh an Coimisiún tuairim.

Ní bheidh feidhm ag pointí (a) go (c) den chéad fhomhír den mhír seo ach amháin i gcás nár soláthraíodh an fhaisnéis dá dtagraítear sna pointí sin roimhe sin de bhun Airteagal 15(1) nó i gcás inar athraíodh í ó tugadh an fógra.

8. Féadfaidh na Ballstáit faisnéis ábhartha a uaslódáil chuig an mbunachar sonraí slán maidir le cásanna nár comhlíonadh bearta maolaitheacha ina leith go suntasach nó nár comhlíonadh iad arís agus arís eile.
9. Faoin ... [15 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], soláthróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, treoraíocht theicniúil do na Ballstáit maidir le cur chun feidhme mhíreanna 7, 8 agus 11 den Airteagal seo, agus tabharfaidh sé an treoraíocht theicniúil sin cothrom le dáta ina dhiaidh sin de réir mar is gá. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 29(2).
10. Faoin ... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis atá ar fáil dó ón 12 Deireadh Fómhair 2020 a uaslódáil chuig an mbunachar sonraí slán bunaithe ar na fógraí a sheol na Ballstáit a rinne scagadh ar infheistíochtaí coigríche de bhun Rialachán (AE) 2019/452.
11. Faoin ... [18 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis atá ar fáil dóibh faoi thoradh a gcuid sásraí um scagadh faoi Rialachán (AE) 2019/452 a uaslódáil chuig an mbunachar sonraí slán. Féadfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún faisnéis bhreise nó mínithe breise a sholáthar freisin, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, faisnéis ghnó ábhartha a fuair siad agus a dheimhnigh siad ó dhíoltóirí tráchtála.

12. Faoin ... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], leagfaidh an Coimisiún amach, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na socrúithe maidir le feidhmiú an chórais shláin chriptithe dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus maidir le feidhmiú an bhunachair sonraí shláin dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo, agus tabharfaidh sé na socrúithe sin cothrom le dáta ina dhiaidh sin de réir mar is gá. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 29(2).

Caibidil 4

Infheistíochtaí coigríche ar dóchúil go ndéanfaidh siad difear diúltach don tslándáil nó don ord poiblí

Airteagal 19

Cinneadh maidir le héifeacht dhiúltach dhóchúil ar an tslándáil nó ar an ord poiblí

1. Agus measúnú á dhéanamh maidir le cé acu is dóchúil nó nach dóchúil go ndéanfaidh infheistíocht choigríche difear diúltach don tslándáil nó don ord poiblí, chun cinneadh maidir le scagadh a ghlacadh, nó chun barúlacha a sholáthar nó tuairim a eisiúint, breithneoidh na Ballstáit agus an Coimisiún go háirithe na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith aici ar an méid seo a leanas:
- (a) tionscadal nó clár atá chun leasa an Aontais, mar a liostaítear in Iarscríbhinn II;

- (b) infhaighteacht teicneolaíochtaí criticiúla, lena n-áirítear infhaighteacht lasmuigh den Aontas mar thoradh ar an infheistíocht choigríche, go háirithe iad siúd dá dtagraítear in Iarscríbhinn III, agus cosaint agus infhaighteacht maoinne intleachtúla nó sócmhainní doláimhsithe eile;
- (c) slándáil, sláine, athléimneacht agus feidhmiú eintitis chriticiúil nó bonneagair chriticiúil de réir bhrí Airteagal 2 de Threoir (AE) 2022/2557, lena n-áirítear an talamh agus an mhaoin is gá chun an bonneagar sin a oibriú, chomh maith le slándáil, sláine, athléimneacht agus feidhmiú na n-eintiteas a thagann faoi raon feidhme Threoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁶, agus na measúnuithe riosca slándála comhordaithe ábhartha ar leibhéal an Aontais a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 22 de Threoir (AE) 2022/2555 á gcur san áireamh;
- (d) leanúnachas sholáthar na n-ionchur criticiúil, lena n-áirítear seirbhísí;
- (e) cosaint faisnéise íogaire, lena n-áirítear sonraí pearsanta mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (1), de Rialachán (AE) 2016/679, go háirithe maidir le cumas an infheisteora coigríche rochtain a fháil ar an bhfaisnéis sin, í a rialú agus í a phróiseáil ar bhealaí eile;
- (f) saoirse agus iolrachas na meán, lena n-áirítear na hardáin ar líne agus ardáin na meán sóisialta is féidir a úsáid le haghaidh bréagaisnéis ar mhórscála nó gníomhaíochtaí coiriúla;

³⁶ Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (an Dara Treoir NIS) (IO L 333, 27.12.2022, lch. 80, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2555/oj>).

- (g) cosaint na bpróiseas toghchánaíochta;
- (h) cosaint na sláinte poiblí, lena n-áirítear soláthar agus infhaighteacht na gcógas leighis criticiúil a liostaítear in Iarscríbhinn IV;
- (i) cosaint na slándála bia, lena n-áirítear feirmeoireacht i gcás ina bhfuil níos mó ná 10 000 ha de thalamh feirme i seilbh na sprioc-chuideachta de chuid an Aontais nó á hoibriú aici;
- (j) slándáil saoráidí míleata agus saoráidí poiblí íogaire eile i ngarchomharsanacht thíreolaíoch na sprioc-chuideachta de chuid an Aontais.

2. Agus measúnú á dhéanamh maidir le cé acu is dóchúil nó nach dóchúil go ndéanfaidh infheistíocht choigríche difear diúltach don tslándáil nó don ord poiblí, chun cinneadh maidir le scagadh a ghlacadh, chun barúlacha a sholáthar nó tuairim a eisiúint, cuirfidh na Ballstáit agus an Coimisiún san áireamh freisin faisnéis a bhaineann leis an infheisteoir coigríche, lena n-áirítear:

- (a) cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid seo a leanas maidir leis an infheisteoir coigríche, duine nádúrtha nó eintiteas a bhfuil an t-infheisteoir coigríche faoina rialú, úinéir tairbhiúil an infheisteora coigríche, aon cheann d'fhochuideachtaí an infheisteora coigríche, nó aon pháirtí eile atá faoi úinéireacht nó faoi rialú an infheisteora coigríche, nó a ghníomhaíonn thar ceann nó faoi threoir an infheisteora coigríche:
 - (i) gur dóchúil go dtabharfaidh sé nó sí faoi chuspóirí beartais tríú tír, lena n-áirítear tríd an infheistíocht a úsáid chun comhéigean a imirt ar Bhallstát nó ar an Aontas chun go gcoiscfí, go scorfaí de, go modhnófaí nó go nglacfaí gníomh ar leith;

- (ii) gur dóchúil go ndéanfaidh sé nó sí forbairt chumais mhíleata tríú tír a éascú;
- (iii) gur dóchúil go n-úsáidfídh sé nó sí an infheistíocht choigríche chun tacú le cos ar bolg inmheánach i dtríú tír nó le sáruihte tromchúiseacha a dhéanamh ar chearta an duine nó ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta, go háirithe i gcás ina bhforbraíonn nó ina dtáirgeann an sprioc-chuideachta de chuid an Aontais ítimí a áirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821 nó ítimí a áirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2009/43/CE;
- (iv) go ndearna sé nó sí infheistíocht choigríche a ndearna Ballstát scagadh uirthi roimhe sin agus nár údaráíodh nó nár údaráíodh ach faoi réir bearta maolaitheacha nár comhlíonadh go suntasach nó nár comhlíonadh arís agus arís eile; chun a chinneadh go mbraithfidh na Ballstáit agus an Coimisiún ar fhaisnéis atá ar fáil dóibh, lena n-áirítear an fhaisnéis atá sa bhunachar sonraí slán arna bhunú de bhun Airteagal 18(6) agus faisnéis arna soláthar ag an infheisteoir coigríche maidir leis an ábhar sin;
- (v) go raibh sé nó sí páirteach cheana féin i ngníomhaíochtaí a dhéanann difear diúltach don tslándáil nó don ord poiblí i mBallstát; nó
- (vi) go raibh sé nó sí ag gabháil do ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha nó coiriúla, lena n-áirítear teacht timpeall ar bhearta sriantacha an Aontais arna nglacadh de bhun Airteagal 29 CAE agus Airteagal 215 CFAE;

- (b) i gcás inarb infheidhme, na cúiseanna atá leis an infheisteoir coigríche, duine nádúrtha nó eintiteas a bhfuil an t-infheisteoir coigríche faoina rialú, úinéir tairbhiúil an infheisteora coigríche, aon cheann d'fhochuideachtaí an infheisteora coigríche, nó aon pháirtí eile atá faoi úinéireacht nó faoi rialú an infheisteora coigríche, nó a ghníomhaíonn thar ceann nó faoi threoir an infheisteora coigríche, a chur faoi réir bearta sriantacha a glacadh de bhun Airteagal 29 CAE agus Airteagal 215 CFAE;
 - (c) cé acu atá nó nach bhfuil an t-infheisteoir coigríche bunaithe i dtríú tír a shaináithnítear mar thír a bhfuil easnaimh straitéiseacha shuntasacha aici ina córas náisiúnta maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac i gcomhréir le hAirteagal 29 de Rialachán (AE) 2024/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁷;
 - (d) cé acu atá nó nach bhfuil an t-infheisteoir coigríche faoi réir dlí tríú tír a fhorchuireann oibleagáidí ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha faisnéis a chomhroinnt chun críoch faisnéise gan próis chuí ná sásraí formhaoirseachta;
 - (e) cé acu atá nó nach bhfuil struchtúr úinéireachta teimhneach ag an infheisteoir coigríche.
3. Cuirfidh an Coimisiún foirm meastóireachta riosca ar fáil a fhéadfaidh na Ballstáit a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar na heilimintí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2.

³⁷ Rialachán (AE) 2024/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2024 maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha an sciúrtha airgid nó mhaoiniú na sceimhlitheoireachta (IO L, 2024/1624, 19.6.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1624/oj>).

4. Féadfaidh an Coimisiún measúnuithe riosca a dhéanamh a bhaineann le hearnálacha sonracha, teicneolaíochtaí criticiúla, infheisteoirí coigríche nó gnóthais de chuid an Aontais. Cuirfear na measúnuithe riosca sin ar fáil sa bhunachar sonraí slán arna bhunú de bhun Airteagal 18(6) agus féadfaidh na Ballstáit iad a thabhairt san áireamh agus cinneadh á dhéanamh acu cé acu is dóchúil nó nach dóchúil go ndéanfaidh infheistíocht choigríche difear diúltach don tslándáil nó don ord poiblí.

Airteagal 20

Cinntí maidir le scagadh i dtaca le hinfheistíochtaí coigríche ar dóchúil go ndéanfaidh siad difear diúltach don tslándáil nó don ord poiblí

1. I gcás ina gcinneann an Ballstát óstach, agus na critéir a leagtar síos in Airteagal 19 á gcur san áireamh aige chomh maith le haon fhaisnéis bhreise nó gnéithe breise a mheasann sé a bheith ábhartha don infheistíocht choigríche agus, i gcás inarb infheidhme, i bhfianaise barúlacha arna soláthar ag Ballstáit eile, nó i bhfianaise tuairim arna heisiúint ag an gCoimisiún, gur dóchúil go ndéanfaidh an infheistíocht choigríche difear diúltach don tslándáil nó don ord poiblí, glacfaidh sé cinneadh maidir le scagadh:
 - (a) lena n-údaraitear an infheistíocht choigríche, faoi réir bearta maolaitheacha; nó
 - (b) lena dtoirmisctear an infheistíocht choigríche nó lena n-ordaítear í a leachtú.

Beidh an cinneadh maidir le scagadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír ag brath ar anailís riosca-bhunaithe agus cuirfear imthosca uile na hinfheistíochta coigríche san áireamh ann.

2. Breithneoidh an Ballstát óstach cé acu atá nó nach bhfuil bearta eile de bhun dhlí an Aontais nó an dlí náisiúnta ar fáil agus iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar an éifeacht dhiúltach dhóchúil a bheidh ag an infheistíocht choigríche ar an tslándáil nó ar an ord poiblí.
3. Ní ghlacfaidh an Ballstát óstach cinneadh maidir le scagadh lena dtoirmeasctar nó lena n-ordaítear an infheistíocht choigríche a leachtú ach amháin i gcás nach féidir aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar an éifeacht dhiúltach dhóchúil ar an tslándáil nó ar an ord poiblí trí mhodhanna eile.
4. Beidh na bearta maolaitheacha dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointe (a), leordhóthanach chun an éifeacht dhiúltach dhóchúil a bheidh ag an infheistíocht choigríche ar an tslándáil nó ar an ord poiblí a réiteach. Féadfar an méid seo a leanas a áireamh ar na bearta sin:
 - (a) athruithe ar an struchtúr rialachais atá beartaithe don sprioc-chuideachta de chuid an Aontais;
 - (b) modhnuithe ar na cearta vótála a thugtar don infheisteoir coigríche;
 - (c) coinníollacha maidir le rochtain ar theicneolaíochtaí íogaire nó ar fhaisnéis íogair;
 - (d) gealltanais chun soláthar sonrach agus/nó soláthar do chliant sonrach a áirithiú;
 - (e) bearta chun a áirithiú go leanfar de ghníomhaíochtaí gnó;
 - (f) ceanglais maidir le comhphárteanna criticiúla a fhoinsiú ó sholáthróirí slána iontaofa;
 - (g) prótacail chibearshlándála a chur chun feidhme chun cosaint a thabhairt ar bhagairtí féideartha;
 - (h) oibleagáid sonraí áirithe a stóráil agus a phróiseáil laistigh den Aontas.

Caibidil 5

Forálacha críochnaitheacha agus idirthréimhseacha

Airteagal 21

Grúpa saineolaithe maidir le scagadh a dhéanamh ar infheistíochtaí coigríche isteach san Aontas

1. Leanfaidh an grúpa saineolaithe maidir le scagadh a dhéanamh ar infheistíochtaí coigríche isteach san Aontas ('an grúpa saineolaithe'), a sholáthraíonn comhairle agus saineolas don Choimisiún, de bheith i mbun plé maidir le scagadh infheistíochtaí coigríche. Roinnfidh an grúpa saineolaithe dea-chleachtais agus ceachtanna a foghlaimíodh, agus malartóidh sé tuairimí maidir le treochtaí atá ag teacht chun cinn agus le saincheistanna leasa choitinn a bhaineann le hinfeistíochtaí coigríche. Lorgóidh an Coimisiún comhairle ón ngrúpa saineolaithe maidir le hábhair shistéamacha a bhaineann le cur chun feidhme an Rialacháin seo. Déanfaidh an grúpa saineolaithe bunachair sonraí agus foinsí éagsúla faisnéise margaidh agus gnó a mheasúnú agus a chur i gcomparáid le chéile freisin.
2. Coinneofar an plé sa ghrúpa saineolaithe faoi rún.

Airteagal 22
Comhar idirnáisiúnta

Féadfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún dul i gcomhar le húdarais fhreagracha tríú tíortha agus dul i mbun rannpháirtíochta go déthaobhach agus go hilitaobhach maidir le saincheisteanna a bhaineann le scagadh a dhéanamh ar infheistíochtaí ar fhorais na slándála nó an oird phoiblí.

Airteagal 23
Ceanglais trédhearcachta poiblí

1. Cuirfidh an Coimisiún liosta de shásraí na mBallstát um scagadh ar fáil go poiblí tráth nach déanaí ná 3 mhí ón sprioc-ama dá dtagraítear in Airteagal 3(2), an chéad fhomhír. Beidh sa liosta sin na sonraí teagmhála dá dtagraítear in Airteagal 4(12), agus, i gcás ina mbeidh fáil orthu, naisc ábhartha chuig faisnéis maidir leis na sásraí um scagadh, lena n-áirítear an treoraíocht dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo. Coimeádfaidh an Coimisiún an liosta sin cothrom le dáta.
2. A mhéid agus nach leagtar síos é sin sa dlí náisiúnta, déanfaidh na Ballstáit treoraíocht mhionsonraithe a fhoilsiú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta maidir le raon feidhme a sásra um scagadh, maidir leis na tairseacha agus na truícir le haghaidh oibleagáidí comhdaithe, agus maidir leis na hamlínte agus na rialacha nós imeachta is infheidhme.

Airteagal 24

Tuairisciú bliantúil ar leibhéal an Aontais

1. Faoi 31 Márta gach bliain ag tosú in ... [an bhliain féilire tar éis na bliana a mbeidh feidhm ag an Rialachán seo lena linn], tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún, ar bhonn rúnda, maidir lena ngníomhaíochtaí faoina sásra um scagadh agus faoin sásra comhair don bhliain féilire roimhe sin. Áireofar sa tuarascáil sin faisnéis faoin méid seo a leanas:
 - (a) an líon infheistíochtaí coigríche a ndearnadh scagadh orthu;
 - (b) an líon infheistíochtaí coigríche arna n-údarú nó arna n-údarú faoi réir bearta maolaitheacha;
 - (c) an líon infheistíochtaí coigríche arna dtoirmeasc, arna dtarraingt siar nó arna leachtú;
 - (d) an líon infheistíochtaí coigríche ar tugadh fógra ina leith tríd an sásra comhair;
 - (e) an líon barúlacha arna soláthar ag an mBallstát faoi seach;
 - (f) tionscnamh na n-infheisteoirí coigríche agus a n-úinéirí tairbhiúla agus earnáil gníomhaíochta sprioc-chuideachtaí na n-infheistíochtaí coigríche a ndearnadh scagadh orthu, arna n-údarú, faoi réir bearta maolaitheacha, arna dtoirmeasc nó arna leachtú, faoi seach;
 - (g) cur i láthair comhiomlán na rioscaí agus na leochaileachtaí a sainaitníodh sna hinfeistíochtaí coigríche as ar eascair cinneadh maidir le scagadh;

- (h) an líon barúlacha arna soláthar de bhun Airteagal 13(1) agus an líon nósanna imeachta um scagadh arna dtionscnamh tar éis barúlacha a fháil ó Bhallstáit eile de bhun Airteagal 13(1) nó tuairimí a fháil ón gCoimisiún de bhun Airteagal 13(2).
2. Faoin ... [1 Eanáir na bliana féilire tar éis na bliana a mbeidh feidhm ag an Rialachán seo lena linn], leagfaidh an Coimisiún amach, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an fhoirm atá le húsáid chun an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a thuairisciú, agus tabharfaidh sé an fhoirm cothrom le dáta ina dhiaidh sin de réir mar is gá. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 29(2).
3. Bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas i gcomhréir le mír 1, ar chleachtas cur chun feidhme an Choimisiúin, agus ar a mheasúnú ar threochtaí agus ar fhorbairtí, soláthróidh an Coimisiún tuarascáil bhliantúil maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo sa bhliain roimhe do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoin 31 Deireadh Fómhair gach bliain ag tosú in ... [an bhliain féilire i ndiaidh na bliana sin a mbeidh feidhm ag an Rialachán seo lena linn]. Cuirfear an tuarascáil sin ar fáil go poiblí le leibhéal mionsonraí lena n-áiritheofar anaithnideacht idirbheart sonracha.
4. Áireofar sa tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún forléargas ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1, na figiúirí maidir leis na treochtaí a bhaineann le hinfheistíochtaí coigríche isteach san Aontas agus measúnú ar na treochtaí sin, forbairtí reachtacha ábhartha ar fud na mBallstát, agus iarrachtaí comhair idirnáisiúnta.

Airteagal 25

Próiseáil sonraí pearsanta

1. Aon phróiseáil ar shonraí pearsanta de bhun an Rialacháin seo, déanfar í i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 agus le Rialachán (AE) 2018/1725 agus a mhéid is gá chun go ndéanfaidh na Ballstáit an scagadh ar infheistíochtaí coigríche agus chun éifeachtacht an tsásra comhair a áirithiú.
2. Measfar gur rialaitheoirí comhpháirteacha iad údaráis scagtha náisiúnta na mBallstát agus an Coimisiún i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 agus Rialachán (AE) 2018/1725 chun sonraí pearsanta oibríochtúla a phróiseáil faoin Rialachán seo.
3. Ní choimeádfar na sonraí pearsanta a bhaineann le hinfeistíochtaí coigríche a phróiseáiltear de bhun an Rialacháin seo ach amháin ar feadh na tréimhse ama is gá chun na cuspóirí dár bailíodh na sonraí sin a bhaint amach.

Airteagal 26
Meastóireacht

1. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar fheidhmiú agus éifeachtacht an Rialacháin seo faoin ... [4 bliana agus 6 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Beidh na Ballstáit páirteach sa phróiseas meastóireachta seo, agus más gá, soláthróidh siad don Choimisiún faisnéis bhreise le haghaidh ullmhú na tuarascála sin. Áireofar sa tuarascáil sin anailís ar éabhlóid na n-infheistíochtaí coigríche isteach san Aontas mar aon le measúnú ar rannchuidiú an Rialacháin seo le slándáil eacnamaíoch an Aontais. Áireofar inti measúnú ar cé acu ba cheart nó nár cheart Airteagal 4(15) a leasú, lena n-áirítear maidir le hinfeistíochtaí coigríche i sprioc-chuideachtaí de chuid an Aontais a mhonaraíonn táirgí íocshláinte criticiúla nó a shealbhaíonn údarú margaíochta le haghaidh táirgí íocshláinte criticiúla. Déanfar measúnú sa tuarascáil freisin ar na costais chomhlíontachta a bhíonn ar ghnólachtaí.
2. I gcás ina moltar sa tuarascáil ón gCoimisiún leasuithe ar an Rialachán seo, féadfaidh togra reachtach a bheith ag gabháil leis an tuarascáil.

Airteagal 27

Gníomhartha tarmligthe

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 28 chun liosta na dtionscadal nó na gclár atá chun leasa an Aontais, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II, a leasú, i gcás inar gá sin, chun glacadh nó leasú gníomhartha dlíthiúla an Aontais lena mbunaítear tionscadail nó cláir lena ndéantar foráil maidir le bonneagar, teicneolaíochtaí, ionchuir nó cumais chriticiúla a fhorbairt, a chothabháil nó a fháil a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo maidir le slándáil nó ord poiblí a chur san áireamh.
2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 28 chun liosta na réimsí teicneolaíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn III a leasú, i gcás inar gá sin, chun athruithe sna himthosca is ábhartha don tslándáil nó don ord poiblí a chur san áireamh. Go háirithe, áireofar an méid seo a leanas sna breithnithe sin:
 - (a) athléimneacht na slabhraí soláthair lena mbaineann tábhacht ar leith don tslándáil nó don ord poiblí;
 - (b) athléimneacht na mbonneagar lena mbaineann tábhacht ar leith don tslándáil nó don ord poiblí;
 - (c) torthaí na measúnuithe riosca ábhartha arna ndéanamh ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit;

- (d) dul chun cinn na dteicneolaíochtaí lena mbaineann tábhacht ar leith don tslándáil nó don ord poiblí;
- (e) riosca sceite nó mí-úsáide na dteicneolaíochtaí lena mbaineann tábhacht ar leith don tslándáil nó don ord poiblí;
- (f) teacht chun cinn leochaileachtaí i ndáil le rochtain ar fhaisnéis íogair nó cineálacha eile próiseála faisnéise íogaire, lena n-áirítear sonraí pearsanta, a mhéid is dócha go ndéanfaidh siad difear diúltach don tslándáil nó don ord poiblí;
- (g) teacht chun cinn staide geopholaitiúla lena mbaineann tábhacht ar leith maidir leis an tslándáil nó leis an ord poiblí; agus
- (h) cé acu a bhíonn nó nach mbíonn acmhainneacht dé-úsáide ag baint leis an teicneolaíocht sin.

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 28 lena leasaítear an Rialachán seo chun Iarscríbhinn IV a scríosadh agus, an tráth céanna, tagairt do Liosta an Aontais de Tháirgí Íocshláinte Criticiúla agus do na gníomhartha dlíthiúla lena mbunaítear é a chur in ionad na tagartha don Iarscríbhinn sin in Airteagal 19(1), pointe (h), nuair a bhunóidh an Coimisiún an liosta sin de bhun an Rialacháin lena leagtar síos nósanna imeachta an Aontais maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus lena mbunaítear rialacha lena rialaítear an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1394/2007 agus (AE) Uimh. 536/2014 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 141/2000, (CE) Uimh. 726/2004 agus (CE) Uimh. 1901/2006.

Airteagal 28

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 27 a thabhairt don Choimisiún ar feadh tréimhse 5 bliana ón ... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfheidh, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 27 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfead deireadh le tarmligean na cumhachta a shonraítear sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 27 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 29

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh coiste cúnaimh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 30

Aisghairm Rialachán (AE) 2019/452 agus bearta idirthréimhseacha

1. Aisghairtear Rialachán (AE) 2019/452 le héifeacht ón ... [18 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Gan dochar do mhíreanna 2 agus 3 den Airteagal seo, déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.
2. Leanfaidh Rialachán (AE) 2019/452 d'fheidhm a bheith aige maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche ar a bhfuil scagadh á dhéanamh, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (5), de Rialachán (AE) 2019/452, an ... [18 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), den Rialachán sin, arna dtabhairt i gcrích faoin ... [18 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].
3. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na hinfheistíochtaí díreacha coigríche dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo ná maidir le hinfheistíochtaí coigríche mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), den Rialachán seo, a bhfuil scagadh á dhéanamh orthu an ... [18 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] nó atá tugtha i gcrích faoin ... [18 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].
4. Agus an chéad tuarascáil á cur ar fáil de bhun Airteagal 24(1), áireoidh na Ballstáit agus an Coimisiún freisin faisnéis maidir le hinfheistíochtaí coigríche nár cumhdaíodh cheana le tuarascáil roimhe sin de bhun Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2019/452.

